ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

# Tuarascáil Bhliantúil 2024

# Annual Report 2024



ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

Tuarascáil
Údarás Uchtála na hÉireann
Adoption Authority of Ireland
don bhliain 2024

Chuig: Norma Foley, TD
*An tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais*
*An Roinn Leanaí, Míchunais agus Comhionannais*

# Clár ábhar


| | |
|---|---|
| **Réamhrá an Chathaoirligh** | **5** |
| **Príomhghníomhaíochtaí agus Gnóthachtálacha 2024** | **8** |
| **Forléargas ar Údarás Uchtála na hÉireann** | **10** |
| **Feidhmeanna Údarás Uchtála na hÉireann** | **12** |
| Uchtáil Bhaile | 13 |
| Uchtáil Idir Tíortha | 13 |
| Rochtain ar Thaifid | 13 |
| Clár um Shainroghanna Teagmhála | 13 |
| Cosaint Taifead | 13 |
| Obair Shóisialta | 13 |
| Creidiúnú | 13 |
| Taighde | 13 |
| **Ráiteas Misin, Fís agus Luachanna** | **14** |
| Misean Údarás Uchtála na hÉireann | 15 |
| Fís Údarás Uchtála na hÉireann | 15 |
| Prionsabail agus Luachanna | 15 |
| **Struchtúr Eagrúcháin & Bainistíochta 2024** | **16** |
| **Bord Údarás Uchtála na hÉireann** | **18** |
| Comhaltas an Bhoird | 19 |
| Cruinnithe an Bhoird | 19 |
| Coistí an Bhoird | 19 |
| Rialachas | 20 |
| **Rialachas Corparáideach** | **23** |
| Rialú Airgeadais | 24 |
| Rialú Inmheánach Airgeadais | 24 |
| Bainistíocht Buiséid | 24 |
| An Coiste Riosca agus Iniúchóireachta | 24 |
| Bainistiú Riosca | 25 |
| An Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí | 25 |
| Soláthar | 25 |
| Nochtuithe Cosanta | 26 |
| Eitic in Oifigí Poiblí | 26 |

| | |
|---|---|
| Meastóireacht ar an mBord | 26 |
| Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme | 26 |
| An tAcht um Míchumas | 27 |
| An tAcht um Thús Áite do Leanaí | 27 |
| Acht na dTeangacha Oifigiúla | 27 |
| **Plean Straitéiseach 2022-2024** | **28** |
| Plean Gnó 2024 | 30 |
| Athbhreithniú Siar agus Forbairt an Chéad Phlean Straitéisigh Eile | 30 |
| Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil | 31 |
| **Cuairteanna agus Taisteal** | **32** |
| Rannpháirtíocht an Údaráis Láir | 33 |
| UNICEF | 33 |
| Taighde agus Obair Shóisialta | 33 |
| **Oibríochtaí Uchtála** | **34** |
| Uchtáil Bhaile | 35 |
| Foireann Uchtála Idir Tíortha | 37 |
| **Seirbhísí Faisnéise agus Taifid** | **38** |
| Taifid | 39 |
| Réitigh Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide | 42 |
| An Chartlann | 44 |
| Iarratais ar Shaoráil Faisnéise | 45 |
| Cosaint Sonraí | 46 |
| **Obair Shóisialta** | **48** |
| Réamhrá | 49 |
| Bunfheidhmeanna | 49 |
| Struchtúr | 49 |
| Seirbhís Rianaithe | 50 |
| Foghlaim ón Rianú | 50 |
| Idirghabháil maidir leis an gClár um Shainroghanna Teagmhála | 54 |
| Rianú Oibre Sóisialta do Dhaoine Uchtaithe Idir Tíortha | 54 |
| Obair Shóisialta Gearr-Idirghabhála | 54 |

| | |
|---|---|
| Athbhreithnithe ar an Obair Shóisialta | 55 |
| Ag Cur lenár nEolas | 55 |
| Oiliúint agus Oideachas | 55 |
| Socrúcháin Oibre Sóisialta | 55 |
| **Taighde** | **56** |
| Forléargas | 57 |
| Gníomhaíochtaí 2024 | 57 |
| Staidéir Thaighde Lárnacha | 57 |
| Staidéar 'Reflections on the Irish Domestic Adoption Process 1952–2022' | 57 |
| Staidéar - 'Lived Experience of Intercountry Adoption in Ireland' | 58 |
| Acmhainní Taighde | 58 |
| Comhdhálacha agus Líonrú | 58 |
| Cumarsáid Sheachtrach | 58 |
| **Acmhainní Daonna agus Forbairt Foirne** | **59** |
| Forléargas | 60 |
| Earcaíocht | 60 |
| Pinsean/Scor | 60 |
| Am agus Tinreamh | 60 |
| Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil | 60 |
| Clár Cúnaimh Fostaithe | 60 |
| **Seirbhísí Corparáideacha agus Creidiúnú** | **61** |
| Suíomh Gréasáin agus Cumarsáid | 62 |
| Preas/Na Meáin | 62 |
| Ceisteanna Parlaiminte | 63 |
| Bainistíocht Fuinnimh agus Gníomhú ar son na hAeráide | 63 |
| Bainistíocht Saoráidí | 63 |
| Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair | 63 |
| Comhlachtaí Creidiúnaithe | 63 |
| Cigireacht ar Chomhlachtaí Creidiúnaithe | 63 |
| Clár na gComhlachtaí Creidiúnaithe | 64 |

| | |
|---|---|
| **Staitisticí** | **65** |
| Staitisticí Uchtála Baile | 66 |
| Staitisticí Uchtála Idir Tíortha | 68 |
| Staitisticí Rianaithe Oibre Sóisialta | 71 |
| **Eolas Eile** | **82** |
| Suíomhanna gréasáin | 83 |
| Aturnaetha | 83 |
| Iniúchóirí | 83 |
| Aguisín A | 84 |
| Aguisín B | 85 |

# Réamhrá an Chathaoirligh

## Is cúis áthais dom é Tuarascáil Bhliantúil Údarás Uchtála na hÉireann i gcomhair na bliana 2024 a chur i láthair.

Ba é an tAthbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar Údarás Uchtála na hÉireann (ÚUÉ) a chuir an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC) tús leis ag tús 2024 ceann de na chéad phíosaí móra oibre don Bhord agus don Fheidhmeannas. Bhailigh an ÚUÉ doiciméadacht, reáchtáil sé agallaimh agus ghlac sé páirt i gcruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha agus i gcruinnithe leis an bhfoireann comhairleoirí a fostaíodh chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an timpeallacht sheachtrach ina bhfuil ÚUÉ ag feidhmiú agus ar a struchtúr eagraíochtúil, a chumas agus a fheidhmíocht. Foilseofar tuarascáil an Athbhreithnithe Criticiúil Tréimhsiúil in 2025.

I mí Aibreáin, chuireamar fáilte roimh Roinn Stáit na Stát Aontaithe a tháinig ar cuairt go hÉirinn agus lena bhfuil comhaontú stát-go-stát againn maidir le huchtálacha idir tíortha. Chuir ár bhfoireann Taighde torthaí a staidéir 'Lived Experience of Intercountry Adoption in Ireland' i láthair ag an gcruinniú. Ba é seo an chéad chuairt a thug an Roinn Stáit orainn ó thosaigh COVID.

I mí Iúil, ba mhór an pléisiúr dom labhairt ag seoladh na tuarascála taighde 'Reflections on the Irish Domestic Adoption Process 1952–2022', in éineacht le hOifigeach Taighde ÚUÉ, an Dr Judy Lovett, an Breitheamh Onórach Geoffrey Shannon SC agus an POF, an Dr Lorraine Horgan. Thug an tAire Roderic O'Gorman aitheasc físe ag an ócáid a tionóladh i suíomh álainn, Músaem Litríochta Éireann ar Fhaiche Stiabhna.  Ceann de na príomhthorthaí a bhí ar an bpíosa taighde tábhachtach seo ná an rúndacht a bhain leis an uchtáil agus a bhaineann fós sa lá atá inniu ann. Cé gur chuir an tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú 2022 (AFBR 2022) go mór le deireadh a chur le cultúr na rúndachta seo, níl ann ach an chéad chéim, agus tá gá le níos mó oibre a dhéanamh.

Gnó mór eile i mbliana ab ea Phlean Straitéiseach eile de chuid ÚUÉ a fhorbairt don eagraíocht ar fad don tréimhse 2025–2027. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Straitéis 2022-2024 chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas forbartha. Ba thábhachtach an rannpháirtíocht lenár bpríomhpháirtithe leasmhara seachtracha chomh maith lenár bhfoireann ó thaobh phróiseas forbartha na straitéise. Gabhaim buíochas leis na freagróirí uile a chabhraigh linn feabhsuithe a aithint ar ár gcláir agus ár seirbhísí chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais ár n-úsáideoirí seirbhíse.

I mí na Samhna, bhuaileamar le toscaireacht ó Oifig Réigiúnach UNICEF na hEorpa agus Lár na hÁise (ECARO) le haghaidh cruinniú tosaigh chun fíricí a aimsiú mar chuid de thionscadal dhá bhliain. Ba é aidhm an chruinnithe seo creat dea-chleachtais a fhorbairt chun go mbeidh ár rialtas in ann an córas uchtála intíre a athchóiriú chun torthaí a fheabhsú do na páirtithe uile lena mbaineann, go háirithe leanaí. Tá an tionscadal, arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach tríd an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla, faoi stiúir an RLMC agus á chur i bhfeidhm ag UNICEF ECARO. i gcomhar le Tascfhórsa Athchóirithe agus Infheistíochta an Choimisiúin Eorpaigh (SG REFORM). Táimid ag súil le seoladh foirmiúil an tionscadail i lár 2025).

Maidir leis an ngnó laethúil, taispeántar sa rannán Staitisticí den tuarascáil seo figiúirí a bhaineann le cúrsaí oibriúcháin in 2024 agus le blianta roimhe sin i bpríomhréimsí oibre an ÚUÉ. Déantar comparáid sna sonraí sin idir staitisticí na bliana 2023 agus blianta eile maidir le horduithe uchtála baile, le huchtálacha idir tíortha, le hiarrataí ar fhaisnéis bhreithe agus scaoileadh na sonraí sin, le hiarratais chuig an gClár um Shainroghanna Teagmhála (CST) agus le meaitseanna idir daoine a uchtaíodh agus gaolta breithe, agus leis an líon Ceisteanna Parlaiminte agus iarratas maidir le cosaint sonraí arna bpróiseáil ag ÚUÉ.

De bhua AFBR 2022, ainmnítear ÚUÉ mar áit taiscthe shábháilte do gach taifead uchtála. Rinne an Bord maoirseacht ar athchóiriú agus ar fheistiú aonaid shlán atá oiriúnaithe go speisialta d'áitreabh reatha ÚUÉ, ina bhfuil 109,213 comhad cás, cláir agus imleabhair cheangailte a bhaineann le daoine uchtaithe agus daoine i socruithe cúraim stairiúla anois.

Mar a tharla in 2023, thug an Bord ar aird an méadú a tháinig ar chastacht na n-ábhar a thagann os a chomhair agus ar líon na gcásanna atá á gcur faoi bhráid na hArd-Chúirte. Tá méadú

tagtha ar líon na dtuismitheoirí breithe, idir tuismitheoirí a thugann toiliú agus tuismitheoirí ag cur ina choinne, a thagann chuig éisteacht Boird chun a dtuairimí a chur in iúl maidir le huchtáil a linbh, agus cuireann an Bord fáilte roimh an treocht seo. Mar sin féin, chuir líon suntasach de na tuismitheoirí seo in iúl, cé nach raibh siad i gcoinne an uchtála i bprionsabal, go raibh siad den tuairim go raibh siad 'ag tabhairt a linbh uathu le síniú'. Baineann sé seo le cineál dúnta ár ndlíthe uchtála reatha. Iarrann an Bord ar an Rialtas arís cineál uchtála oscailte a thabhairt isteach ionas go leanfaidh rochtain ar aghaidh i ndiaidh an uchtála. Measaimid go mbeadh a leithéid ina chéim eile i dtreo deireadh a chur leis an rúndacht atá fós i réim i gcúrsaí uchtála.

Bhí áthas ar an mBord leanúint ar aghaidh ag éisteacht leis na leanaí ar bhealach atá oiriúnach dá n-aois, bíodh sé sin go pearsanta nó trí litreacha nó líníochtaí a chur ar fáil, agus lena gcead siúd, foilseofar leaganacha gan ainm de na litreacha ó na leanaí ar shuíomh gréasáin ÚUÉ, agus cuirfear an nuashonrú reatha i gcrích in 2025.

I mí na Nollag 2024, chuireamar fáilte roimh thoscaireacht ó na hOileáin Fhilipíneacha a thug cuairt ar ÚUÉ i ndáil lena gcreidiúnú.

Agus téarma cúig bliana an Bhoird reatha ag teacht chun deiridh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a gcuid ama agus saineolais, a dtiomantas agus a ndúthracht. Is ceart aitheantas a thabhairt don obair chrua a bhaineann le cinntí suntasacha a dhéanamh a athróidh saol an linbh, 'gan eagla ná fabhar', ag díriú ar leas an linbh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis an lucht feidhmiúcháin agus leis an bhfoireann ardbhainistíochta a thug tacaíocht, seachtain i ndiaidh seachtaine, don Bhord ina chuid iarrachtaí na caighdeáin is airde a bhaint amach i ndáil le seirbhísí uchtála.

Táim ag tnúth le leanúint lenár misean a chur chun cinn maidir lena chinntiú go gcuirfear na caighdeáin is airde agus is féidir i bhfeidhm sna seirbhísí a bhaineann le huchtáil, i rith an phróisis uchtála a mhaireann ar feadh an tsaoil, agus gurb é leas leanaí an chéad chuspóir agus an príomhchuspóir, agus, i dtaca leis sin, leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh na spriocanna agus na físe a leagtar amach inár bPlean Straitéiseach, 'is é sin aitheantas a bheith againn mar lárionad barr feabhais agus mar phríomhfhoinse údarásach faisnéise ar gach gné den uchtáil agus mar sholáthraí agus rialtóir seirbhísí uchtála ar ardchaighdeán'.



_______________________
**Ms Orlaith Traynor**
Cathaoirleach an Bhoird



# Príomhghníomhaíochtaí agus Gnóthachtálachs 2024

Deonaíodh
**131** Ordú Uchtála
(**41** níos mó ná anuraidh)

Rinneadh
**208**
iontráil i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha

**1**
Rinneadh iontráil amháin i gClár Aitheantais Inscne na nUchtálacha idir Tíortha


Fuarthas agus comhlánaíodh
**1,264**
iarratas maidir le scaoileadh faisnéise

Aistríodh breis is
**7,000+**
cáschomhad agus breis is 1,700 clár chuig Údarás Uchtála na hÉireann

Fuarthas
**403**
cás rianaithe agus leithdháileadh 324 díobh

Uchtaíodh
**16**
duine óg trí uchtáil idir tíortha agus iad ag cuardach a mbunaidh

Seoladh an mhórthuarascáil taighde **Reflections on the Irish Domestic Adoption Process 1952–2022** ag Músaem Litríochta na hÉireann agus cuireadh i láthair í ag an Ochtú Comhdháil Idirnáisiúnta um Thaighde Uchtála i SAM.




Bunaíodh an chéad Fhoireann Ghlas de chuid AAI

Rinneadh athchóiriú ar spás oifige Theach Shelbourne

Earcaíodh baill nua do na foirne **Cartlainne**, **Acmhainní Daonnas**, **Seirbhísí Corparáideacha**, **Taifid**, **Uchtála Baile** and **Uchtála Idir Tíortha**.

# Forléargas ar Údarás Uchtála na hÉireann



**Is comhlacht neamhspleách garbhreithiúnach é Údarás Uchtála na hÉireann, a bunaíodh ar an 1 Samhain 2010 faoin Acht Uchtála, 2010, faoi choimirce na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC). Is é an tÚdarás freisin, de réir Choinbhinsiún na Háige um Chosaint Leanaí agus Comhar i leith Uchtáil Idir Tíortha 1993 (Coinbhinsiún na Háige 1993), an tÚdarás Lárnach i ndáil le huchtáil idir tíortha in Éirinn. Is é cuspóir an Achta Uchtála, 2010 feabhas a chur ar chaighdeáin na huchtála baile agus na huchtála idir tíortha araon.**

Tugadh uchtáil dhlíthiúil isteach den chéad uair in Éirinn faoin Acht Uchtála, 1952. Ritheadh Acht na bliana 1952 ar an 1 Eanáir 1953, agus bunaíodh an Bord Uchtála faoin Acht sin. Bhí sé de cheart ag an mBord Uchtála, agus aige siúd amháin, orduithe uchtála a dheonú nó diúltú iad a dheonú. Tá an ceart sin dílsithe anois don ÚUÉ faoin reachtaíocht a tugadh isteach in 2010, faoina ndearnadh na hAchtanna Uchtála ó 1952 go 1998 a aisghairm.

Tá feidhmeanna ÚUÉ leagtha amach in Alt 96 den Acht Uchtála, 2010. Áirítear orthu sin feidhmeanna oibriúcháin, breithiúnacha agus garbhreithiúnacha maidir leis an bpróiseas uchtála féin, dá bhforáiltear faoin Acht, ach anuas orthu sin tá feidhmeanna a bhaineann le hainmniú an Údaráis mar an tÚdarás Lárnach faoi Choinbhinsiún na Háige 1993. Ina theannta sin, tá feidhmeanna clárúcháin agus rialúcháin ag ÚUÉ, chomh maith le feidhmeanna tuairiscithe, comhairle agus taighde.

Leasaíodh Acht na bliana 2010 roinnt uaireanta ó tháinig tús feidhme leis, leis an reachtaíocht seo a leanas:

- An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011
- An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013
- An tAcht um an gCúirt Achomhairc, 2014
- An tAcht um Inscne a Aithint, 2015
- An tAcht um Chaidrimh Leanaí agus Teaghlaigh, 2015
- An tAcht Uchtála (Leasú), 2017
- An tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022

Leis an Acht Uchtála (Leasú), 2017, tugadh éifeacht reachtach don Acht um an Aonú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Leanaí), 2012 trína chinntiú go dtabharfaí aird mhór ar leas an linbh maidir le haon ábhar agus go bhfaigheadh ÚUÉ nó an chúirt tuairimí an linbh, agus go dtabharfaí aird chuí ar na tuairimí sin, ag féachaint d'aois agus aibíocht an linbh. Faoi Acht Leasaithe na bliana 2017 freisin, ceadaíodh don Ard-Chúirt toiliú tuismitheora a ligean thar ceal agus údaraíodh do ÚUÉ ordú uchtála a dhéanamh i leith an linbh sin agus rinneadh foráil maidir le huchtáil linbh i gcás páirtithe sibhialta agus lánúineacha comhchónaithe agus ceadaíodh uchtáil leastuismitheora gan an ceanglas a bheith ann go ndéanfadh an tuismitheoir eile a leanbh féin a uchtáil.

Ar an 30 Iúil 2022, rinneadh dlí den FBR 2022. Leis an mórphíosa reachtaíochta sin, tugadh ceart rochtana iomlán, soiléir ar dheimhnithe breithe agus ar fhaisnéis bhreithe agus luathshaoil do na daoine go léir a uchtaíodh, a cuireadh ar altranas nó ar iostas, nó a ndearnadh a mbreith a chlárú ar bhealach mídhleathach, nó a raibh ceisteanna eile acu maidir lena mbunadh. Ina theannta sin, ceadaíodh rochtain ar fhaisnéis do neasghaol i gcúinsí áirithe.

Faoin dlí nua freisin, bunaíodh an CST agus seirbhís stuama rianaithe, chomh maith le bearta saincheaptha éagsúla nua chun dul i ngleic le saincheisteanna a thagann chun cinn i gcás daoine a ndearnadh clárú mídhleathach ar a mbreith. Tugadh sainordú do ÚUÉ i ndáil le taifid uchtála a choimeád slán.

# Feidhmeanna Údarás Uchtála na hÉireann



## Cuimsíonn oibleagáidí ÚUÉ na réimsí seo a leanas:

### Uchtáil Bhaile

Tagraíonn uchtáil bhaile don chás ina n-uchtaíonn duine nó lánúin a bhfuil cónaí air, uirthi nó orthu in Éirinn leanbh a bhfuil cónaí air nó uirthi in Éirinn freisin. Is é cineál agus éifeacht ordú uchtála Éireannaigh ná go bhfágtar gur leanbh de chuid an uchtaitheora/na n-uchtaitheoirí é nó í an leanbh amhail is gur dóibh a saolaíodh é nó í dóibh, agus go mbaineann cearta agus dualgais uile an tuismitheora/na dtuismitheoirí agus an linbh leo. Faoi reachtaíocht uchtála na hÉireann, ní cheadaítear ach leanbh a uchtáil. Is é an sainmhíniú atá ar leanbh ná duine nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici go fóill. Tá ceithre chineál éagsúla uchtála baile ann – leasteaghlach, uchtáil a dhéanann teaghlach sínte/gaolta, uchtáil bhaile naíonáin agus dul ó chúram altrama fadtéarmach go huchtáil.

### Uchtáil Idir Tíortha

Le huchtáil idir tíortha, tagraítear don chás ina gcinneann daoine atá ina gcónaí in Éirinn leanbh a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtír seachas Éire a uchtú. Is é cineál agus éifeacht uchtála den sórt sin ná go bhfágtar gur leanbh de chuid an uchtaitheora é nó í an leanbh amhail is gur dó, di nó daoibh a saolaíodh é nó í, agus go sanntar dóibh cearta agus dualgais uile an tuismitheora nó na dtuismitheoirí agus an linbh i ndáil lena chéile. Cuireadh bonn reachtúil faoin uchtáil idir tíortha i 1991 nuair a ritheadh an tAcht Uchtála.

### Rochtain ar Thaifid

Cuireann ÚUÉ seirbhísí aisghabhála agus scaoilte taifead stairiúil ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse do na daoine sin a uchtaíodh, a tugadh altrama dóibh (i socruithe lóistín nó altranais) nó a bhí ina gcónaí roimhe seo in institiúid Teaghlaigh Chontae, agus i gcásanna teoranta dá neasghaol. AFBR 2022, ráthaítear rochtain ar theastais bhreithe; faisnéis faoi bhreith, cúram, luathshaoil; agus faisnéis leighis le reacht, i gcás inar féidir í a fháil agus nach bhfuil cosc uirthi le hachtacháin eile.

### Clár um Shainroghanna Teagmhála

Coinníonn ÚUÉ an CST. Is é príomhfheidhm an CST teagmháil a chumasú idir daoine a ndearnadh difear dóibh mar gheall ar uchtáil, lena n-áirítear iad siúd a scaradh óna dteaghlaigh trí bheith curtha i socruithe lóistín/altranais nó a cláraíodh a mbreitheanna go mídhleathach. Is bealach é an clár chomh maith chun sainrogha teagmhála a shonrú, iarraidh ar phríobháideachas san áireamh. Is féidir le hiarratasóirí ar an gclár rud éigin a thaisceadh chomh maith, amhail litir, grianghraf nó cuimhneachán eile, do dhuine sonraithe.

### Cosaint Taifead

Is i gcartlann ÚUÉ atá breis is 100,000 comhad cruthaithe aige féin, ag comhlachtaí réamhtheachta, ag gníomhaireachtaí uchtála gaolmhara agus ag Teaghlaigh Chontae. Is bailiúchán uathúil iad na taifid seo a dhoiciméadaíonn eispéiris daoine uchtaithe agus iad siúd atá faoi shocruithe cúraim stairiúla, agus a dteaghlaigh, ag síneadh siar go dtí 1877. Is é feidhm chartlann ÚUÉ na taifid seo a fháil, a chosaint, a chaomhnú agus a chur ar fáil, laistigh de theorainneacha na reachtaíochta.

### Obair Shóisialta

Tuigeann oibrithe sóisialta in ÚUÉ gur próiseas ar feadh an tsaoil í an uchtáil as a n-eascraíonn mothúcháin agus riachtanais éagsúla i gcás na bpáirtithe atá i gceist. Tá an tseirbhís oibre sóisialta in ÚUÉ freagrach as seirbhís reachtúil rianaithe a sholáthar dár gcliaint. Chomh maith leis an obair sin, cuireann oibrithe sóisialta seirbhís eadrána, gearr-idirghabháil agus tacaíocht ar fáil agus déanann siad athbhreithnithe iomlána ar gach uchtáil atá beartaithe faoi láthair.

### Creidiúnú

I gcomhthéacs na huchtála, ciallaíonn creidiúnú meastóireacht fhoirmiúil a dhéanann ÚUÉ ar chomhlachtaí nó ar dhaoine áirithe, go háirithe ar chomhlachtaí nó ar dhaoine a bhfuil baint acu le socruithe a dhéanamh maidir le leanbh a uchtáil nó a sholáthraíonn seirbhísí amhail rianú, comhairleoireacht nó eadráin le haghaidh daoine uchtaithe nó gaolta le daoine uchtaithe.

### Taighde

Mar chuid dá fheidhm reachtúil, ceanglaítear ar ÚUÉ tabhairt faoi thionscadail agus gníomhaíochtaí taighde a bhaineann le seirbhísí uchtála, nó cabhrú leo. Tá ÚUÉ tiomanta do bhonn eolais a chur faoi bheartas uchtála agus faoi fheidhmiú seirbhísí trí chreat cuimsitheach faisnéise, taighde agus cumarsáide a sholáthar.

# Ráiteas Misin, Fís agus Luachanna

# Misean Údarás Uchtála na hÉireann

A chinntiú go gcuirfear na caighdeáin is airde agus is féidir ar fáil sna seirbhísí a bhaineann le huchtáil, i rith an phróisis uchtála a mhaireann ar feadh an tsaoil, agus gurb é leas leanaí an chéad chuspóir agus an príomhchuspóir.

# Fís Údarás Uchtála na hÉireann

Aitheantas a bheith againn mar lárionad barr feabhais agus mar phríomhfhoinse údarásach faisnéise ar gach gné den uchtáil agus mar sholáthraí agus rialtóir seirbhísí uchtála ar ardchaighdeán.

# Prionsabail agus Luachanna

**Tá sraith prionsabal agus luachanna glactha ag an Údarás lena gcuirtear bonn faoin gcur chuige atá aige i leith a mhisin, a fhíse, a spriocanna, a chuspóirí agus a oibríochtaí laethúla. Baineann siadsan leis an méid seo a leanas**

### A BHEITH DÍRITHE AR LEANAÍ

Díriú ar leas an linbh mar ghné ríthábhachtach sa phróiseas uchtála, agus aird á tabhairt ar riachtanais an linbh ar feadh an tsaoil. A chinntiú go n-éistfear leis an leanbh agus go dtabharfar freagraí fiúntacha air nó uirthi i rith an phróisis uchtála.

### SEIRBHÍSÍ ARDCHAIGHDEÁIN

Seirbhísí den chaighdeán is airde a sholáthar maidir le huchtáil, a bheidh bunaithe ar an dlí agus ar an dea-chleachtas, agus saineolaithe a fhorbairt agus a fhostú sa réimse sin (lena n-áirítear tiomantas d'fheabhas leanúnach ar sheirbhísí).

### CUNTASACHT

Trí chleachtas eiticiúil agus trédhearcacht; modus operandi atá faoi réir grinnscrúdú, atá neamhchlaonta, cothrom agus atá faoi threoir ag cleachtas uchtála atá macánta, ceart, cuntasach agus eiticiúil. A bheith tiomanta do sheirbhísí a sholáthar ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil chun luach ar airgead a bhaint amach.

### MEAS

A bheith tiomanta do chaitheamh le gach páirtí leasmhar sa phróiseas uchtála nó eile le dínit, le meas agus le cúirtéis. A bheith ina eagraíocht a bhíonn ag éisteacht, ag foghlaim agus ag cumhachtú, dóibh siúd go léir a bhíonn ag obair le seirbhísí uchtála nó a dtéann seirbhísí uchtála i bhfeidhm orthu, agus a éisteann leis na baill foirne agus a bhfuil meas aici orthu, agus a fhéachann chuige gur áit mhaith oibre is ea an tÚdarás.


Is achoimre í an Tuarascáil Bhliantúil seo ar na príomhphíosaí oibre a rinne ÚUÉ in 2024. Is féidir leat faisnéis faoinár gcuntais agus ár bhfoilseacháin a léamh agus a íoslódáil ar www.aai.gov.ie.

# Struchtúr Eagrúcháin & Bainistíochta 2024



Tá forbhreathnú ar gach post ceadaithe in Appendix B sa tuarascáil seo.

Leagtar amach struchtúr eagraíochta agus bainistíochta an Údaráis sa léaráid seo a leanas.



# Bord Údarás Uchtála na hÉireann



## Ballraíocht an Bhoird

De réir an Achta Uchtála, 2010 seachtar comhaltaí ar an mBord: an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus cúigear gnáthchomhaltaí, arna gceapadh ag an Aire. Tréimhse nach faide ná cúig bliana is ea téarma an Bhoird. I gcás comhaltaí ceaptha a thugann téarma oifige chun críche, beidh siad incháilithe lena n-athcheapadh ar an mBord ach ní fhéadfaidh siad fónamh mar chomhalta ar feadh níos mó ná dhá théarma as a chéile.

Níl aon athrú tagtha ar chomhdhéanamh an Bhoird ón 1 Samhain 2020.

- **Orlaith Traynor Uasal,** Cathaoirleach
- **An tUasal Sean O' Brien,** Leas-Chathaoirleach
- **An Dr Helen Buckley**
- **An tUasal Paul Harrison**
- **An Breitheamh Patrick McMahon** (Ar scor)
- **An Dr Margo Anglim** (31 Nollaig 2024)
- **An tOllamh Sheila Greene**

### Cothromaíocht Inscne

I rith 2024, bhí ceathrar ban (57%) agus triúr fear (43%) ar an mBord, agus ní raibh aon ról folamh ann. Mar sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag fir agus mná araon ar bhoird stáit.

## Cruinnithe an Bhoird

Is córam tinreamh é an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach a bheith i láthair, mar aon le beirt ghnáthchomhaltaí.

De réir an Achta Uchtála 2010, tionólfaidh an Bord a mhéid cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ach tionólfar 12 chruinniú in aghaidh na bliana ar a laghad. In 2024, reáchtáil an Bord 22 chruinniú sceidealaithe agus thionóil sé dhá chruinniú bhreise chun orduithe práinneacha a dheonú.

Déantar cruinnithe an Bhoird a eagrú sa chaoi is go ndéantar cruinniú 'iomlán' Boird amháin a thionól gach mí, ag a ndéileáiltear le hábhair seachas deonú orduithe uchtála. Go ginearálta, bíonn an dara cruinniú den mhí dírithe ar orduithe uchtála a dheonú agus ar aon ghnó práinneach eile nach mór déileáil leis ar an lá. Go ginearálta, ní gá ach córam an Bhoird a bheith i láthair ar laethanta na n-orduithe uchtála agus i gcás éisteachtaí éigeandála eile nó cruinnithe breise chun orduithe uchtála éigeandála a dheonú, agus léirítear é sin sa tuarascáil tinrimh in Aguisín A.

Is mír bhuan ar chlár oibre gach cruinniú míosúil é Riosca agus Rialachas; ina theannta sin, bíonn cruinniú amháin ar a laghad ag an mBord gach bliain maidir le cúrsaí Rialachais.

Ag gach cruinniú Boird, tugann an Príomhfheidhmeannach tuairisc ina soláthraítear faisnéis agus tuairisc chun dáta don Bhord ar fheidhmiú an Údaráis, ar fheidhmiú an Phlean Gnó bliantúil, ar chúrsaí caiteachais agus buiséid agus ar shaincheisteanna agus/nó tarluithe ábhartha eile.

Leagtar amach i gCuid 4 den Acht Uchtála na cumhachtaí atá dílsithe don Bhord, lena n-áirítear

- An chumhacht chun Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta a eisiúint d'uchtaitheoirí ionchasacha;
- Éisteacht a thabhairt d'iarratais i ndáil le horduithe uchtála agus orduithe uchtála a dhéanamh;
- An chumhacht chun uchtálacha idir tíortha a aithint, ar cinn iad a dhéantar lasmuigh den Stát.

Bíonn na hábhair sin ar an gclár oibre ag cruinnithe an Bhoird agus pléitear leo faoi Chuid Bhaile agus Cuid Idir Tíortha an chláir oibre. Mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tháinig an Bord nuair is gá uair in 2024 i láthair gan aon duine den lucht feidhmiúcháin (is é sin, an Príomhfheidhmeannach, Rúnaí an Bhoird agus aon chomhalta foirne nó comhalta bainistíochta eile) a bheith i láthair.

## Coistí an Bhoird

De réir an Achta Uchtála, 2010, féadfaidh an Bord coistí a cheapadh de réir mar is cuí leis chun comhairle a chur air maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna, agus tá dhá choiste ceaptha aige:

### An Coiste Riosca agus Iniúchóireachta

Tá beirt chomhaltaí de bhord ÚUÉ agus beirt chomhaltaí sheachtracha neamhspleácha ar an gCoiste Riosca agus Iniúchóireachta (CRI). Is é ról CRI tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus an dearbhú a ghabhann leo. Tá an Coiste Iniúchóireachta, Riosca & Airgeadais neamhspleách ó bhainistíocht

airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn CRI go háirithe go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-, áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta.

Ba iad comhaltaí CRI in 2024

- **An tUasal Patricia Gilheaney** (Cathaoirleach)
- **An tUasal Orlaith Traynor** (Cathaoirleach ÚUÉ)
- **An tUasal Paul Harrison** (Comhalta Boird)
- **An tUasal John Buckley** (Comhalta seachtrach, thosaigh sa Mheitheamh 2024)

Tagann CRI le chéile ar a laghad ceithre huaire sa bhliain, agus tá sé d'údarás aige cruinnithe breise a thionól de réir mar is gá. Is ionann beirt chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin den choiste a bheith i láthair agus córam. In 2024, tháinig CRI le chéile ceithre huaire. Thug CRI cuireadh do dhaoine den lucht feidhmiúcháin, d'iniúchóirí nó do dhaoine eile freastal ar chruinnithe agus faisnéis ábhartha a sholáthar, de réir mar ba ghá. D'fhreastail an POF ar gach crruinniú de chuid an CRI in 2024. Cuireann Crowleys DFK tacaíocht riaracháin ar fáil don choiste.

### An Fochoiste Taighde

Ceathrar comhaltaí Boird atá ar an bhFochoiste Taighde, beirt chomhaltaí neamhspleácha seachtracha agus seisear comhaltaí foirne.

Is iad príomhfheidhmeanna an Fhochoiste Taighde ná tacú le ÚUÉ maidir le straitéis taighde a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, athbhreithniú rialta a dhéanamh ar cibé tionscadail a mholann ÚUÉ agus comhairle a chur ar an Údarás ina leith, agus breithniú agus moltaí a thabhairt don Bhord maidir le cúrsaí beartais a bhaineann le taighde.

Tugann an Coiste comhairle freisin faoi thaighde arna choimisiúnú ag an mBord, spreagann sé scaipeadh na dtorthaí taighde, agus cuireann sé comhairle ar an mBord maidir le leithdháileadh cistí taighde.

Ba iad comhaltaí an Fhochoiste Taighde in 2024

- **An Dr Helen Buckley** (Comhalta Boird)
- **An tUasal Orlaith Traynor** (Cathaoirleach an Údaráis)
- **An tOllamh Sheila Greene** (Comhalta Boird)
- **An Dr Margo Anglim** (Comhalta Boird)
- **An Dr Claire McGettrick**, a rugadh Lorraine Hughes, Comh-Stiúrthóir ar Thionscadal Clann (Comhalta Seachtrach)
- **An Dr Richard Sullivan**, Ollamh Emeritus, Ollscoil British Columbia (Comhalta Seachtrach)
- **An Dr Lorraine Horgan** (POF)
- **An Dr Judy Lovett** (Oifigeach Taighde)
- **An tUasal Darren Broomfield** (Príomhoibrí Sóisialta)
- **An tUasal Gordon Corrigan** (Oifigeach Faisnéise agus Taifid)
- **An tUasal Mark Kirwan** (Bainisteoir, Aonad Uchtála Intíre)
- **An tUasal Orla Bolger** (Bainisteoir, Aonad Uchtála Idir Tíortha)

Tháinig an Fochoiste Taighde le chéile ceithre huaire in 2024.

## Rialachas

Bunaíodh Bord ÚUÉ faoi Acht Uchtála 2010, agus tá a fheidhmeanna leagtha amach in Alt 96 den Acht. Tá an Bord cuntasach don Aire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Déanann sé an méid sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó uile.

Tá an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil Údarás Uchtála na hÉireann. Caithfidh an POF agus an FAB an treorú straitéiseach fairsing a thugann an Bord a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird go léir ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus le haon rioscaí suntasacha is dóchúil a thiocfaidh aníos. Nasc díreach is ea an Príomhfheidhmeannach idir an Bord agus foireann agus lucht bainistíochta Údarás Uchtála na hÉireann.

### Freagrachtaí

*Bord*

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i gCód Rialachais Údarás Uchtála na hÉireann.

Faoi Alt 112 den Acht Uchtála, 2010, ceanglaítear ar Phríomhfheidhmeannach ÚUÉ na taifid chuntais eile go léir is cuí agus is gnách a choinneáil ar

airgead a fhaigheann an tÚdarás agus a chaitheann sé i cibé foirm a fhormheasfaidh an tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin a d'ullmhaigh an Príomhfheidhmeannach á mbreithniú aige, ceanglaítear ar Bhord ÚUÉ

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin más míchuí a ghlacadh leis go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú; agus
- A lua ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Príomhfheidhmeannach taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina nochtar, le cruinneas réasúnta ag aon tráth, a staid airgeadais agus lena gcuirtear ar a chumas dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 112 den Acht Uchtála, 2010. Tá an Bord freagrach as coimeád agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an CN.

Is é an Bord atá freagrach as an bPlean Gnó agus an buiséad bliantúil a fhormheas agus déanann sé measúnú rialta ar fheidhmíocht ÚUÉ trí thagairt don Phlean Gnó bliantúil agus don bhuiséad ag cruinnithe Boird.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus, mar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an Bord cuntasach don Aire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus, tríd an Aire, don rialtas. Tá sé cuntasach freisin, tríd an bPríomhfheidhmeannach ina ról mar Oifigeach Cuntasaíochta, don Oireachtas faoi Choiste na gCuntas Poiblí agus faoi choistí eile de chuid an Oireachtais. Ní mór don Bhord Tuarascáil Bhliantúil a chur isteach, agus cibé faisnéis eile a theastaíonn ón Aire.

*Cathaoirleach*

Is é príomhról an Chathaoirligh ceannaireacht a sholáthar don Bhord agus do ÚUÉ maidir le comhlíonadh na bhfreagrachtaí a shanntar dó faoina reacht bunaithe.

Baineann dualgais shonracha an Chathaoirligh le ÚUÉ a bhainistiú mar seo a leanas:

- Cláir oibre a leagan síos go cuí, bainistíocht agus tacaíocht do chruinnithe Boird;
- Cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe Boird ag a ndéanfar cinntí soiléire agus ag a mbainfear amach cothromaíocht idir an méid atá le rá ag Comhaltaí an Bhoird agus ag an bPríomhfheidhmeannach agus an lucht feidhmiúcháin;
- A chinntiú go gcoinnítear taifead cruinn i miontuairiscí an chruinnithe ar na cinntí a rinneadh;
- Feidhmíocht an Bhoird a mheas;
- A chinntiú go dtuigeann comhaltaí an Bhoird a róil agus a bhfreagrachtaí faoi seach agus go mbíonn an Bord ag feidhmiú ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil;
- Tuarascáil Chuimsitheach a chur ar fáil don Aire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais i gcomhar le Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais Údarás Uchtála na hÉireann i gcomhlíonadh na Socruithe Airgeadais agus Tuairiscithe faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

*Tá an Bord cuntasach don Aire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Déanann sé an méid sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó uile*

Bainistiú a dhéanamh ar an gcaidreamh/ cumarsáid leo seo a leanas

- An POF;
- An tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus RLMC;
- Príomhpháirtithe seachtracha eile agus trí obair agus misean ÚUÉ, a chur chun cinn;
- An Bord, le meon measa, muiníne agus macántachta a fhágann gur féidir ceisteanna dúshlánacha agus ionchur dúshlánach a phlé;
- An Fochoiste nó na Fochoistí Oireachtais iomchuí.

### *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Foráiltear san Acht Uchtála, 2010 gurb é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do ÚUÉ agus tugtar sainmhíniú soiléir ann ar an gcreat cuntasachta a bhfuil ÚUÉ faoina réir. Tacaíonn an creat rialachais agus socruithe rialachais chorparáidigh laistigh den eagraíocht leis an méid sin.

Chomh maith leis na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choinneáil ar airgead a fhaigheann agus a chaitheann ÚUÉ, tá an Príomhfheidhmeannach freagrach freisin as

- Cur i bhfeidhm na mbeartas arna bhfaomhadh ag an mBord;
- Bainistíocht laethúil na mball foirne;
- Údarás Uchtála na hÉireann a riar, a bhainistiú agus a rialú ar bhonn ginearálta;
- An buiséad bliantúil a ullmhú lena fhaomhadh ag an mBord agus é a chur faoi bhráid RLCMLÓ;
- An fhaisnéis is déanaí a sholáthar don Bhord, agus do choistí eile de chuid an Bhoird, maidir le bainistiú ÚUÉ;
- Cur i bhfeidhm beartais agus dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bPlean Straitéiseach.

## Stipinn na gComhaltaí Boird

Tá táille bhliantúil €7,695 iníoctha le comhaltaí an Bhoird, mar aon le speansais taistil agus chothaithe ag na rátaí a leagan an Roinn Airgeadais síos. De réir rialacháin na Roinne Airgeadais, ní íoctar táillí le comhaltaí Boird atá fostaithe mar sheirbhísigh phoiblí faoi láthair. Ó mhí na Samhna 2020, mar aitheantas ar chineál garbhreithiúnach chinntí agus obair ÚUÉ, íoctar suim €57,646 in aghaidh na bliana leis an gCathaoirleach. Is go ráithiúil i riaráiste a dhéantar gach íocaíocht.

# Rialachas Corparáideach



**Is é an tAcht Uchtála, 2010 an bonn reachtúil faoinar bunaíodh ÚUÉ.**

**Feidhmíonn ÚUÉ de réir phrionsabail dea-chleachtais an rialachais chorparáidigh i gcomhréir leis an Acht Uchtála, 2010 agus, nuair is infheidhme, i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.**

## Rialú Airgeadais

Déantar buiséad ÚUÉ a leithdháileadh trí RLMC. Is é an Príomhfheidhmeannach Oifigeach Cuntasaíochta ÚUÉ. In 2024, b'ionann leithdháileadh airgeadais ÚUÉ agus €8,581,000.

Mar a leagtar amach in Alt 112 den Acht Uchtála, 2010, tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú agus as rialtacht idirbhearta ÚUÉ a chinntiú.

I measc na bhfeidhmeanna atá mar bhonn agus taca ag na freagrachtaí sin, tá údarú agus faireachán a dhéanamh ar íocaíochtaí as ucht earraí agus seirbhísí, próisis tairisceana, agus tuairisceáin mhíosúla a thiomsú do RLCMLÓ.

Bíonn na Ráitis Airgeadais faoi réir a n-iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (OACC). Rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh agus faomhadh ar Ráitis Airgeadais na bliana 2023, agus foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin ÚUÉ.

Is iad Crowleys DFK, Cuntasóirí Cairte, a chuir seirbhísí cuntasaíochta ar fáil do ÚUÉ le linn 2024.

## Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá freagracht iomlán ar an mBord as rialú inmheánach airgeadais ÚUÉ. Tarmligeann sé freagracht chuig CRI as faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na bainistíochta riosca agus na timpeallachta rialaithe inmheánaigh. Faigheann an coiste tuarascálacha rialta ón lucht bainistíochta, ón bPríomhoifigeach Riosca, agus ó iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha. Tá socruithe den sórt sin ceaptha chun na rioscaí atá roimh Údarás Uchtála na hÉireann a bhainistiú seachas fáil réidh leo.

## Bainistíocht Buiséid

Ullmhaíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Ardbhainistíochta buiséad bliantúil a bhunaítear ar riachtanais oibriúcháin agus forbartha ÚUÉ. Molann an POF an buiséad bliantúil don Bhord lena cheadú. Maidir leis an bhfreagracht laethúil as caiteachas a bhainistiú laistigh de theorainneacha buiséid, déantar í a shannadh ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar Cheann na Comhlíontachta, le tacaíocht ó chomhairleoirí airgeadais seachtracha ÚUÉ. Déanann an fhoireann ardbhainistíochta agus an Príomhfheidhmeannach dlúthfhaireachán ar chaiteachas le tacaíocht ó na comhairleoirí airgeadais seachtracha. Cuirtear tuarascálacha ar fáil do RLMC mar chuid den phróiseas íostarraingthe.

## An Coiste Riosca agus Iniúchóireachta

Tá duine seachtrach ina chathaoirleach ar CRI agus ar an gcoiste sin freisin tá Cathaoirleach an Bhoird, comhalta den Bhord agus comhalta seachtrach amháin eile a bhfuil saineolas agus taithí mhór ghnó aige nó aici san earnáil phoiblí agus/nó san earnáil phríobháideach. (féach an liosta comhaltaí 20). Freastalaíonn an POF mar aon le comhaltaí ábhartha na Foirne Ardbhainistíochta ar gach cruinniú coiste. Tháinig CRI le chéile ceithre huaire le linn 2024 agus bhuail sé le hionadaithe ó OACC, chomh maith le hiniúchóirí inmheánacha. Choinnigh CRI miontuairiscí nó tuairiscí eile ar a chuid cruinnithe agus gníomhaíochtaí. I dTuarascáil Bhliantúil 2024, léirigh CRI go raibh sé sásta leis an timpeallacht rialaithe airgeadais ghinearálta ina bhfeidhmíonn ÚUÉ.

Tá ról bunúsach ag CRI maidir lena chinntiú go bhfeidhmíonn ÚUÉ de réir dea-chaighdeáin rialachais, chuntasaíochta agus iniúchóireachta agus go nglacann sé socruithe bainistíochta agus riosca cuí. Déanann sé an méid sin trí mhaoirsiú a dhéanamh ar an mBord agus ar an bPríomhfheidhmeannach, ina ról mar Oifigeach Cuntasaíochta, ar na nithe seo a leanas agus comhairle a chur orthu i ndáil leo:

- Na próisis straitéiseacha maidir le riosca, rialú inmheánach agus rialachas;
- Na beartais chuntasaíochta, na ráitis airgeadais, lena n-áirítear an próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear isteach le haghaidh iniúchta iad, leibhéal na n-earráidí arna n-aimsiú, agus litir ionadaíochta an lucht bainistíochta chuig na hiniúchóirí seachtracha;

- An ghníomhaíocht atá pleanáilte agus torthaí na n-iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha araon;
- Leordhóthanacht fhreagra an lucht bainistíochta ar shaincheisteanna a eascraíonn ón iniúchadh, lena n-áirítear litir ionadaíochta bainistíochta an iniúchóra sheachtraigh;
- Dearbhuithe a bhaineann le bainistíocht riosca agus ceanglais rialachais chorparáidigh i leith ÚUÉ;
- Tograí maidir le tairiscintí a dhéanamh ar sheirbhísí iniúchóireachta inmheánaí nó seachtracha nó maidir le seirbhísí neamhiniúchóireachta a cheannach ó chonraitheoirí a sholáthraíonn seirbhísí iniúchóireachta;
- Beartais frithchalaoise, próisis nochta faoi chosaint, agus socruithe le haghaidh imscrúduithe speisialta; agus

Déanann CRI athbhreithniú tréimhsiúil ar a éifeachtacht féin agus tuairiscíonn sé torthaí an athbhreithnithe sin don Bhord.

Áiríodh i gclár oibre an CRI 2024

- Athbhreithniú ar na Dréacht-Ráitis Airgeadais Bhliantúla don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023;
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí ÚUÉ;
- Plean Iniúchóireachta Inmheánaí 2024 a athbhreithniú agus a fhaomhadh;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Soláthair Chorparáidigh 2024-2026 agus nuashonrú ráithiúil ar sheachadadh phlean soláthair 2024;
- Athbhreithniú ar Thuarascáil Nochtuithe Cosanta 2023;
- Breithniú ar dhul chun cinn ÚUÉ maidir le moltaí cibearshlándála a chur i bhfeidhm;
- Athbhreithniú ar thorthaí chigireacht HHAMA (an Ghníomhaireacht Idirghabhála Uchtála Helping Hands)
- Iniúchadh OACC ar Ráitis Airgeadais 2023;
- breithniú a dhéanamh ar thorthaí an athbhreithnithe inmheánaigh ar éifeachtacht;
- Athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta ráithiúla lena n-áirítear anailís ar an difríocht idir buiséid agus caiteachas iarbhír;
- Athbhreithniú bliantúil ar an mBeartas Bainistíochta Riosca
- Athbhreithniú ráithiúil ar an gClár Riosca Corparáideach agus athbhreithniú bliantúil ar na cláir riosca uile;
- Athbhreithniú ar an mBeartas Taistil agus Cothaithe athbhreithnithe le haghaidh molta don Bhord.

D'fhormheas Bord ÚUÉ Cairt agus Téarmaí Tagartha an CRI ag cruinniú an Bhoird a tionóladh ar an 9 Iúil 2024. Chuir Cathaoirleach CRI Tuarascáil Bhliantúil 2023 CRI faoi bhráid an Bhoird go foirmiúil ag cruinniú an Bhoird ar an 14 Bealtaine 2024.

## Bainistiú Riosca

Bíonn bainistíocht riosca éifeachtach ina taca ag an dea-rialachas. Tá próiseas réamhghníomhach bainistíochta riosca ag ÚUÉ mar chuid dá chreat rialachais. Is é an Bord, le tacaíocht ó CRI agus ón bhfoireann ardbhainistíochta, a thugann treoir cheannaireachta maidir le bainistíocht riosca. Faomhann an Bord creat agus beartas bainistíochta riosca ÚUÉ. Fágann sé sin go bhfuil cur chuige pleanáilte, córasach á ghlacadh maidir le catagóirí éagsúla rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú: Cúrsaí Airgeadais, Comhlíonadh agus Rialachas, Gnéithe Straitéiseacha, Gnéithe Oibríochtúla, Páirtithe Leasmhara agus Cáil.

Duine den fhoireann ardbhainistíochta is ea an Príomhoifigeach Riosca agus tuairiscíonn an té sin go díreach don Phríomhfheidhmeannach, do CRI agus don Bhord. Leagtar amach sa Chlár Rioscaí Corparáideach na mór-rioscaí atá roimh ÚUÉ mar aon leis na rialuithe agus na bearta atá ann cheana chun iad a mhaolú, agus sainaithnítear úinéirí agus spriocdhátaí le haghaidh críochnaithe. Déantar rioscaí a chatagóiriú mar chinn Ardrioscaí, Meánrioscaí agus Ísealrioscaí. Cuireadh tuarascáil ar na Míreanna Ardriosca ar fáil don Bhord gach mí in 2024.

## An Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí

Feidhm breithmheasa neamhspleách is ea an iniúchóireacht inmheánach chun dearbhú a sholáthar don Bhord, do CRI, don Phríomhfheidhmeannach agus do gach leibhéal bainistíochta maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na gcóras rialachais, riosca agus rialuithe inmheánaigh atá i bhfeidhm in Údarás Uchtála na hÉireann.

Déantar an fheidhm iniúchóireachta inmheánaigh a sheachfhoinsiú. Feidhmíonn sí de réir cairt iniúchóireachta arna faomhadh ag an mBord agus plean iniúchóireachta bliantúil arna fhaomhadh ag an bPríomhfheidhmeannach agus CRI. Agus iniúchtaí á ndéanamh aige, cloíonn an conraitheoir leis an treoir ón Institiúid um Chaighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí, arna oiriúnú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe lena húsáid i ranna rialtais.

Leanadh leis an obair chun an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí trí bliana a chlúdaíonn an tréimhse 2023-2024 a sheachadadh.

## Soláthar

Feidhmíonn Údarás Uchtála na hÉireann faoi na Treoirlínte Soláthair Poiblí lena dtugtar treoir maidir le gach gníomhaíocht i ndáil le beartas soláthair agus lena gcinntítear go gcomhlíontar cuspóirí agus príomhphrionsabail na hiomaíochta, na córa comhionainne agus na trédhearcachta atá ina mbonn agus taca ag rialacha na tíre seo agus rialacha an Aontais Eorpaigh.

Baineann ÚUÉ leas as conarthaí láraithe bainistithe a chuir an Oifig um Sholáthar Rialtais i bhfeidhm lena n-áirítear conarthaí i gcomhair stáiseanóireachta, soláthairtí oifige, fótachóipeála, agus taisteal thar lear. Bíonn ÚUÉ i gcomhairle leis an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le riachtanais soláthair atá aige anois agus a bheidh aige amach anseo. In 2024, síníodh sé chonradh le luach conarthach iomlán os cionn €25,000 i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, nuair a bhí siad ar fáil, i gcomhréir le Plean Soláthair 2024 ÚUÉ. Bhain na tionscadail soláthair ba shuntasaí in 2024 leis an tionscadal um chomhtháthú agus athfhorbairt an tsuímh ghréasáin agus leis na seirbhísí airgeadais agus cuntasaíochta a foinsíodh amach.

Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024, dearbhaíonn ÚUÉ go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear le rialacha agus treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le soláthar.

## Nochtuithe Cosanta

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, éascaítear d'oibrithe ábhar imní a ardú maidir le héagóir nó éagóir fhéideartha san ionad oibre trí chineálacha áirithe cosanta a chur ar fáil dóibh ó ghníomh a d'fhéadfaí a dhéanamh ina gcoinne as ucht sin a dhéanamh.

Foráiltear san Acht do mhodhanna éagsúla nochta cosanta ag brath ar na cúinsí agus tugtar cosaint i ndáil le nochtadh a dhéanann oibrithe lena n-áirítear fostaithe atá ann faoi láthair nó iarfhostaithe, conraitheoirí, comhairleoirí, oiliúnaithe, baill foirne ghníomhaireachta agus intéirnigh.

Tá Beartas Nochtuithe Cosanta ÚUÉ foilsithe ar shuíomh gréasáin ÚUÉ.

Le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ceanglaítear go bhfoilseofar Tuarascáil Bhliantúil a bhaineann le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh an bhliain roimhe sin agus aon beart a rinneadh ina leith. De bhun an cheanglais sin, deimhníonn ÚUÉ nach bhfuarthas aon tuairiscí agus/nó go bhfuil siad faoi imscrúdú de réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú in 2022) i leith na bliana airgeadais ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

## Eitic in Oifigí Poiblí

Faoi fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, ceanglaítear ar chomhaltaí Boird Údarás Uchtála na hÉireann agus ar roinnt ball foirne den Údarás leasanna ábhartha a nochtadh. Iarrtar ráitis bhliantúla maidir le leasanna ar chomhaltaí Boird Údarás Uchtála na hÉireann mar gur stiúrthóirí ainmnithe iad, faoin reachtaíocht eitice, agus ní mór na ráitis bhliantúla sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Ceanglaítear ar aon bhall foirne de chuid Údarás Uchtála na hÉireann a meastar go bhfuil post fostaíochta ainmnithe aige nó aici, ráiteas maidir le nochtadh leasa a chomhlánú freisin má tá leasanna acu le nochtadh, nuair a cheaptar iad agus ar bhonn bliantúil.

## Meastóireacht ar an mBord

Faoi Alt 4.6 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, tá ceanglas ar Bhoird na gcomhlachtaí Stáit go léir meastóireacht bhliantúil a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a gcoistí. Ceanglaítear faoin gcód go ndéanfar meastóireacht sheachtrach atá comhréireach le méid agus riachtanais an chomhlachta Stáit gach trí bliana ar a laghad. In 2024, trí phróiseas tairisceana iomaíoch, d'fhostaigh ÚUÉ

Navigo Consulting Limited chun meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar an mBord agus ar a Choistí. D'fhormheas an Bord an tuarascáil ar an meastóireacht sheachtrach i mí na Nollag agus cuireadh faoi bhráid na Roinne í chomh maith.

## Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme

Tá dualgas reachtúil ar gach comhlacht poiblí in Éirinn leithcheal a chosc, an comhionannas a chur chun cinn, agus cosaint a thabhairt do chearta daonna a gcuid fostaithe, úsáideoirí seirbhíse agus iad siúd go léir a bhfuil tionchar ag a gcuid beartas agus pleananna orthu. Is oibleagáid é seo  a eascraíonn as Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Sa Phlean Straitéiseach don tréimhse 2022-2024, geallann ÚUÉ measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna a bhaineann lena chuspóir agus lena fheidhmeanna agus déanfar dul chun cinn leis sin in 2024. Bhreithnigh an Bord an chaoi a gcomhlíonann ÚUÉ a cheanglais maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 ag ceann dá sheisiúin rialachais a tionóladh in 2024.

## An tAcht um Míchumas

Leagtar san Acht um Míchumas, 2005 oibleagáid reachtúil ar eagraíochtaí seirbhíse poiblí tacaíocht agus rochtain a sholáthar ar sheirbhísí agus áiseanna do dhaoine faoi mhíchumas. I gcomhréir leis an oibleagáid a leagtar ar gach comhlacht poiblí, cuirimid chun cinn agus tacaímid le fostaíocht daoine faoi mhíchumas. In 2024, lean ÚUÉ d'iarrachtaí a dhéanamh chun an sprioc fostaíochta íosta 3% a bhaint amach maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú; níl an ceanglas sin bainte amach ag ÚUÉ go dtí seo. Leanfaimid dár dtiomantas a chur chun cinn ó thaobh a chur ar chumas na foirne go léir a gcuid oibre a dhéanamh ar bhonn comhionann trí thacaíocht a thabhairt dóibh agus freastal a dhéanamh ar a riachtanais.

## An tAcht um Thús Áite do Leanaí

Táthar ag súil go mbeidh tuiscint ag gach comhalta foirne in Údarás Uchtála na hÉireann ar shábháilteacht leanaí. Aithníonn ÚUÉ go bhfuil gach duine freagrach as leanaí a chosaint ó dhochar. Ní mór do gach comhalta foirne tabhairt faoi chlár ríomhfhoghlama Tús Áite do Leanaí de chuid Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach). Tríd an duine iomchuí, cuirfidh an fhoireann oibre sóisialta an fhoireann ar an eolas maidir le saincheisteanna nó treoir nua a thagann chun cinn sa réimse. Rinneadh an Ráiteas um Chosaint Leanaí a nuashonrú in 2024. Tá ÚUÉ tiomanta do dhul i ngleic le gach ábhar imní ar bhealach atá íogair, báúil, tráthúil, agus ag teacht le treoirlínte reachtúla. Tá Údarás Uchtála na hÉireann tiomanta go hiomlán don Ráiteas maidir le Cosaint Leanaí sin a chur i bhfeidhm chomh maith leis na nósanna imeachta chun tacú leis an bhfoireann leanaí a choinneáil slán ó dhochar. Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar Ráiteas um Chosaint Leanaí ÚUÉ in 2024 agus tá an leagan athbhreithnithe foilsithe ar shuíomh gréasáin ÚUÉ.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá roinnt oibleagáidí dlíthiúla ar ÚUÉ a leagtar amach faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. De réir na n-oibleagáidí sin, foilsíonn Údarás Uchtála na hÉireann leaganacha Gaeilge de dhoiciméid a bheidh ar fáil don phobal, doiciméid cosúil leis an Tuarascáil Bhliantúil agus fógraí maidir le folúntais. Freagraítear i nGaeilge gach ceist, iarraidh maidir le Saoráil Faisnéise, gearán agus teachtaireacht eile a fhaightear i nGaeilge. Tá lógó Údarás Uchtála na hÉireann i nGaeilge ar gach stáiseanóireacht ar a bhfuil branda an Údaráis (e.g. páipéar ceannchlóite). I rith 2024, lean ÚUÉ lenár dtionscadal maidir le hathbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an eolas uile a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge.

*Tá Údarás Uchtála na hÉireann tiomanta go hiomlán don Ráiteas maidir le Cosaint Leanaí sin a chur i bhfeidhm chomh maith leis na nósanna imeachta chun tacú leis an bhfoireann leanaí a choinneáil slán ó dhochar.*

# Plean Straitéiseach 2022–2024



## Faoi Alt 108 den Acht Uchtála, 2010, ceanglaítear ar ÚUÉ Plean Corparáideach/ Straitéiseach trí bliana a ullmhú agus a chur isteach.

In 2024, an bhliain dheireanach den timthriall straitéiseach trí bliana, lean Plean Straitéiseach 2022-2024 a seoladh i mí Feabhra 2022 de bheith ina threoir uileghabhálach don phleanáil gnó bhliantúil agus mar threoirphlean ina leagtar amach na príomhthosaíochtaí, spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha, chun cur ar chumas ÚUÉ an caighdeán is airde is féidir a chur ar fáil agus a chinntiú maidir le seirbhísí uchtála in Éirinn.

I rith na bliana 2024, lean Údarás Uchtála na hÉireann ar aghaidh ag comhlíonadh ár dtiomantas maidir le seirbhís uchtála agus seirbhísí i ndáil le fáisnéis bhreithe agus rianú den scoth a chur ar fáil don phobal i gcónaí agus rinne an tÚdarás obair chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcumarsáid leis an bpobal agus leo siúd atá páirteach sna próisis uchtála chun feasacht agus tuiscint níos fearr a chur chun cinn maidir leis an uchtáil.

Is léiriú iad na tosaíochtaí straitéiseacha don tréimhse 2022-2024 a shonraítear i bhFíor 1 thíos ar thiomantas Údarás Uchtála na hÉireann d'aitheantas a bhaint amach mar lárionad barr feabhais agus mar phríomhfhoinse údarásach faisnéise ar gach gné den uchtáil agus mar sholáthraí agus rialtóir seirbhísí uchtála ar -ardchaighdeán.

**Fíor 1:** Tosaíochtaí agus Spriocanna Straitéiseacha 2022–2024

| | |
|---|---|
| **Tosaíocht 1** | **Tugtar tús áite i gcónaí don leanbh agus ní mór féachaint dá leas i ngach cás uchtála.** |
| **Spriocanna** | **1.1** Is é an phríomhsprioc a bhíonn le gach cás uchtála ná go dtabharfar aird ar leas an linbh/duine óig ar feadh an phróisis uchtála agus go bhfreastalófar ar an leanbh ar bhealach tráthúil, fiúntach. |
| **Tosaíocht 2** | **Na caighdeáin is airde seirbhísí uchtála a bhaint amach.** |
| **Spriocanna** | **2.1** A chinntiú gur féidir le gach páirtí iomchuí a gceart chun éisteacht a chur i bhfeidhm ar feadh an phróisis uchtála go léir agus tacú le hiarratais ar chúnamh dlíthiúil nuair a bhíonn sé sin ag teastáil ó thuismitheoirí.<br>**2.2** An caighdeán is airde a bhaint amach maidir le rialú agus feidhmiú na seirbhísí uchtála a sholáthraíonn ÚUÉ féin nó na gníomhaireachtaí arna gcreidiúnú ag ÚUÉ. |
| **Tosaíocht 3** | **An tAcht um Fháisnéis Bhreithe agus Rianú a chur i bhfeidhm go héifeachtach.** |
| **Spriocanna** | **3.1** A chinntiú go leanfar den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú a chur 2022 i bhfeidhm.<br>**3.2** Eagraíocht a fhorbairt atá réidh le dul in oiriúint go tapa d'athruithe ar an reachtaíocht. |
| **Tosaíocht 4** | **Ár gcomhaltaí foirne a chumasú agus oibríochtaí éifeachtacha a chur i bhfeidhm.** |
| **Spriocanna** | **4.1** Lucht saothair a fhorbairt agus a chothú a bhfuil an cumas, an acmhainn agus an tsolúbthacht acu chun a n-uaillmhianta gairme a bhaint amach, agus freastal ar an athrú a thagann ar riachtanais i réimse na huchtála.<br>**4.2** Struchtúr eagraíochta an Údaráis, a phróisis, agus a theicneolaíocht a fhorbairt ionas gur féidir an Plean Stráitéiseach a chur I bhfeidhm. |

| Tosaíocht 5 | Rialachas stuama agus caidreamh tacúil le páirtithe leasmhara a bhaint amach. |
|---|---|
| Spriocanna | **5.1** Socruithe rialachais, bainistíochta riosca agus comhlíontachta a fhorbairt atá éifeachtach, cuntasach.<br>**5.2** Caidreamh stuama oibre agus comhar láidir le páirtithe leasmhara a chothú i réimse na huchtála.<br>**5.3** Feabhas a chur ar an bhfeasacht agus an tuiscint ar an bpróiseas uchtála i measc páirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne. |

| Tosaíocht 6 | Cultúr nuálaíochta a chothú. |
|---|---|
| Spriocanna | **6.1** Modhanna nuálacha a fhorbairt agus a chothú lena chinntiú go bhfuil na seirbhísí uchtála a sholáthraíonn an tÚdarás, agus na gníomhaireachtaí atá creidiúnaithe ag an Údarás, ar chaighdeán den scoth.<br>**6.2** Cumas an Aonaid Taighde a leathnú agus a fhorbairt lena chur ar a chumas don ÚUÉ ceannaireacht shoiléir a léiriú i dtaobh an taighde ina réimse féin. |

## Plean Gnó 2024

Is ar an bPlean Straitéiseach 2022-2024 atá príomhchodanna Phlean Gnó 2023 bunaithe. I rith 2024, leanamar orainn ag comhlíonadh ár ngealltanais maidir le seirbhísí uchtála den scoth a sholáthar don phobal i gcónaí, agus muid ag díriú go tréan ar ár bpríomhluachanna: leanbhlárnach, cáilíocht, cuntasacht agus meas. D'oibríomar i ndlúthchomhar lenár rannóg líne (RLMC), chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara.

Leanamar lenár bhfócas ar ár gcumas taighde a fhorbairt tríd ár bhfoireann Taighde, ag baint amach príomhchuspóirí agus tionscadail a sainaithníodh i Straitéis Taighde 2023-2025.

## Athbhreithniú Siar agus Forbairt an Chéad Phlean Straitéisigh Eile

I mí an Mhárta agus i mí Aibreáin, rinne ÚUÉ athbhreithniú ar an straitéis reatha agus ar an modheolaíocht a úsáideadh ina forbairt,, ina cur i bhfeidhm agus ina seachadadh, d'fhonn sraith ceachtanna foghlamtha agus moltaí a shainaithint a bheidh ábhartha maidir leis an gcéad Phlean Straitéiseach trí bliana eile 2025–2027 a fhorbairt.

Agus cur chuige bunaithe ar 'cheachtanna foghlamtha' á ghlacadh aige, rinne an t-athbhreithniú tuairimí na bpríomhpháirtithe leasmhara inmheánacha a lorg maidir leis an straitéis reatha agus a mhéid a hábharthachta leanúnaí i leith ról athraitheach ÚUÉ agus athruithe sa timpeallacht sheachtrach. D'iarramar ar pháirtithe leasmhara machnamh a dhéanamh chomh maith ar a dtaithí ar sheachadadh na straitéise reatha tríd an timthriall pleanála gnó bliantúil agus rithimí tuairiscithe ráithiúla agus míosúla.

Chríochnaigh an tuarascáil leis na Ceachtanna Foghlamtha agus ocht moladh do ÚUÉ le comhtháthú laistigh den phróiseas forbartha don chéad phlean trí bliana eile. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu seo mar seo a leanas:

- Tús a chur le sraith comhráite agus cleachtaí éisteachta leis na príomhpháirtithe leasmhara uile.
- An fhoireann inmheánach ar fad ag ÚUÉ a chur san áireamh sa chomhrá straitéise.
- Peirspictíocht níos iomlánaíoch nó níos ardleibhéil a ghlacadh sa chéad straitéis eile trí na torthaí agus na tionchair atá á n-oibriú ag ÚUÉ a aithint agus ar an gcaoi sin breathnú níos faide ná tascanna agus aschuir mhionsonraithe.
- Leas a bhaint as an gcleachtadh meastóireachta boird cuimsitheach agus neamhspleách a rinneadh in 2024 chun eolas a thabhairt don aistriú Boird in 2025.
- Oibriú ar ghlór eagraíochtúil ÚUÉ mar chleachtadh foghlama.
- An deis a thapú chun athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar struchtúr ÚUÉ lena chinntiú go n-oireann an struchtúr don straitéis.
- Anailís a dhéanamh ar scileanna agus inniúlachtaí a nuashonrú ar fud na heagraíochta.
- Leanúint de dhíriú ar bheith ina heagraíocht atá bunaithe ar thaighde agus ar fhaisnéis.

Tar éis próiseas soláthair a chur i bhfeidhm, coimisiúnaíodh saineolas seachtrach i Ráithe 3 chun forbairt na straitéise nua trí bliana agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha a éascú. D'oibrigh na comhairleoirí leis an bhFoireann Ardbhainistíochta agus rinne siad comhairliúchán forleathan leis an bhfoireann uile chomh maith le bualadh le páirtithe leasmhara seachtracha tábhachtacha lena n-áirítear an DCDE, na trí chomhlacht creidiúnaithe, Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) agus an tOmbudsman do Leanaí. Forbraíodh straitéis nua trí bliana agus beidh an dréacht deiridh beagnach críochnaithe faoi dheireadh 2024.

## Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil

I mí na Bealtaine, cuireadh tús le hAthbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil (ACT) ÚUÉ arna dhéanamh ag an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC) mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Bhí Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, POF agus Stiúrthóir Oibríochtaí ÚUÉ ina mbaill den Ghrúpa Stiúrtha ACT a bhunaigh RLMC agus bhuail siad le chéile ceithre huaire in 2024.

Ghlac ÚUÉ páirt ghníomhach sa phróiseas ACT a chuimsigh bailiú agus cur isteach na ndoiciméad iarrtha, agallaimh le gach ball den Bhord agus ball den Fhoireann Ardleibhéil, ceardlanna leis an bhFoireann Ardleibhéil, suirbhé ar an bhfoireann uile agus athbhreithniú ar dhréacht-thuarascálacha. Táthar ag súil go mbeidh an leagan deiridh den tuarascáil ACT ar fáil i lár 2025.

*I rith na bliana 2024, lean Údarás Uchtála na hÉireann ar aghaidh ag comhlíonadh ár dtiomantas maidir le seirbhís uchtála agus seirbhísí i ndáil le fáisnéis bhreithe agus rianú den scoth a chur ar fáil don phobal i gcónaí agus rinne an tÚdarás obair chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcumarsáid leis an bpobal agus leo siúd atá páirteach sna próisis uchtála chun feasacht agus tuiscint níos fearr a chur chun cinn maidir leis an uchtáil.*

# Cuairteanna agus Taisteal

**Thaistil ionadaithe ó ÚUÉ chun páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha éagsúla in 2024 chun faisnéis a fháil agus a roinnt agus chun cumarsáid a fheabhsú le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí eile. Rinne rannpháirtithe pointí suntasacha a thuairisciú do chomhghleacaithe ÚUÉ trína gcruinnithe uilefhoirne. Seo a leanas forbhreathnú ar chuairteanna agus taisteal; tá tuilleadh sonraí ar fáil sna codanna ábhartha den Tuarascáil Bhliantúil seo.**

## Rannpháirtíocht an Údaráis Láir

I mí Aibreáin, bhí cruinniú ag ÚUÉ le hionadaithe ó Roinn Stáit na Stát Aontaithe in éineacht le pearsanra ó Ambasáid na Stát Aontaithe i mBaile Átha Cliath. Phléigh na rannpháirtithe gníomhaíochtaí reatha na nÚdarás Lárnach faoi seach agus oibriú na bpróiseas don uchtáil idir tíortha.

Chomh maith leis sin i mí Aibreáin, thaistil an POF agus an Stiúrthóir Oibríochtaí go Stócólm na Sualainne, don chéad chruinniú den Líonra Uchtála Idir-Tíortha (ICAN) in 2024. Ag na cruinnithe rialta seo, tugann toscairí ó 12 chomhalta den Údarás Láir de chuid ICAN nuashonruithe agus glacann siad páirt i bplé ar chúrsaí leasa choitinn thar 1.5 lá. D'fhreastail Stiúrthóir na nOibríochtaí ar an dara cruinniú ICAN den bhliain i mBruiséil na Beilge i mí na Samhna.

Thug beirt bhall den fhoireann creidiúnaithe ón Údarás Náisiúnta um Chúram Leanaí (NACC) – Údarás Lárnach na nOileán Filipíneach – cuairt ar Éirinn i mí na Nollag chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár uchtála idir tíortha idir Éirinn agus na hOileáin Fhilipíneacha. Thug ÚUÉ cuireadh do theaghlaigh na leanaí sin a uchtaíodh isteach agus a shocraigh síos in Éirinn ó na hOileáin Fhilipíneacha bualadh le toscaireacht NACC agus le foireann ÚUÉ le linn tae beag i dTeach Shíol Bhroin.

## UNICEF

Tá Éire ar cheann de cheithre thír san AE atá páirteach i dtionscadal iltíre um Ionstraim Tacaíochta Teicniúla atá maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach. Tá an tionscadal seo á stiúradh in Éirinn ag an Aonad um Beartas Uchtála de chuid an RLMC agus tacaíonn an Rannóg um Chosaint Leanaí d'Oifig Réigiúnach UNICEF don Eoraip agus don Áise Láir leis i gcomhar le Tascfhórsa Athchóirithe agus Infheistíochta an Choimisiúin Eorpaigh (SG-REFORM). I mí na Samhna, thaistil ionadaí ó UNICEF atá lonnaithe i Londain go Baile Átha Cliath ar chuairt scópála agus bailithe eolais chun tús a chur leis an tionscadal dhá bhliain, a bhfuil sé mar aidhm aige creat dea-chleachtais agus treochlár athchóirithe a fhorbairt chun go mbeidh rialtas na hÉireann in ann a chóras uchtála intíre a athchóiriú chun torthaí a fheabhsú do na páirtithe uile atá bainteach leis, go háirithe an leanbh. Le linn na cuairte bailithe eolais, d'óstáil ÚUÉ cruinniú inar bhuail baill foirne ÚUÉ le toscaire UNICEF agus leis an Aonad um Beartas Uchtála agus inar thug siad roinnt cur i láthair ar éirigh go han-mhaith leo.

## Taighde agus Obair Shóisialta

I mí Aibreáin, d'fhreastail triúr ball den fhoireann Oibre Sóisialta, mar aon leis an Oifigeach Taighde, ar chomhdháil EurAdopt 2024 in Cambridge sa Ríocht Aontaithe.

Sheol ÚUÉ 'Machnaimh ar an bPróiseas Uchtála Intíre in Éirinn 1952–2022' ag Músaem Litríochta Éireann ar Fhaiche Stiabhna i mí Iúil. Níos déanaí i mí Iúil, chuir an tOifigeach Taighde agus an Cúntóir Taighde an tuarascáil i láthair, mar aon le dhá chur i láthair eile faoi obair thaighde ÚUÉ, ag an Ochtú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Thaighde Uchtála (ICAR-8) in Ollscoil Minnesota in Minneapolis.

I mí Lúnasa, d'fhreastail an Príomhoibrí Sóisialta ar chomhdháil an Chumainn Idirnáisiúnta um Chosc ar Mhí-Úsáid agus Faillí Leanaí (ISPCAN) a tionóladh in Uppsala na Sualainne.

*Thaistil ionadaithe ó ÚUÉ chun páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha éagsúla in 2024 chun faisnéis a fháil agus a roinnt agus chun cumarsáid a fheabhsú le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí eile.*

# Oibríochtaí Uchtála



**131**
Deonaíodh 131 Ordú Uchtála, méadú 41 ar an mbliain roimhe sin

**126**
Deonaíodh 126 Dearbhú Cáilitheachta agus Oiriúnachta, sin laghdú 23 ar an mbliain roimhe sin.

**47**
Deonaíodh 47 iarratas chuig an Ard-Chúirt

**2 iarratas**
chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 26 san áireamh den chéad uair

**30**
Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta deonaithe chuig iarratasóirí a bhí ag iarraidh leanbh a uchtáil ó áiteanna thar lear agus bliain eile curtha le 10 nDearbhú a deonaíodh cheana féin

**208**
iarratas déanta i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha; ba iarratas ar uchtálacha a cuireadh i bhfeidhm lasmuigh d'Éirinn ag duine nó daoine a bhfuil cónaí rialta lasmuigh den Stát iad 191 díobh seo

**15**
Rinne foireann ildisciplíneach ÚUÉ athbhreithniú ar 15 leanbh a atreoraíodh go hÉirinn ó thíortha eile chun riachtanais na leanaí a mheaitseáil a mheaitseáil le cumas agus acmhainn na dtuismitheoirí uchtála ionchasacha

## Uchtáil Bhaile

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

*Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta*


I ngach cás uchtála, ní mór Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí a bheith ag na hiarratasóirí. San iomlán, deonaíodh 126 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta in 2024, sin méadú 23 ón mbliain roimhe sin. Cuireadh síneadh ama le 22 Dhearbhú in 2024, sin méadú cúig chinn ón mbliain roimhe sin. I bhformhór na gcásanna, deonaíodh Dearbhuithe laistigh de thrí nó ceithre seachtaine ó fuarthas an t-iarratas.

As measc na nDearbhuithe a deonaíodh, deonaíodh 111 i leith daoine pósta nó lánúineacha, ocht i leith daoine nó lánúineacha a chónaíonn in aontíos, ceann amháin i leith páirtnéireachtaí sibhialta agus sé chinn eile i leith iarratasóirí singile.

*Orduithe Uchtála*


Fuair ÚUÉ 143 iarratas uchtála in 2024, agus deonaíodh 131 Ordú Uchtála i rith na bliana. Is méadú 41 é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, inar deonaíodh 90. Bhain formhór na n-orduithe a deonaíodh le huchtáil i gcás leastuismitheora – 71 cás san iomlán a bhí i gceist ansin. Rinneadh 45 ordú uchtála i leith leanaí a bhí faoi chúram altrama fadtéarmach in 2024. Maidir leis an gcuid eile, bhain cúig naíonáin arna suíomh lena n-uchtáil díreach tar éis a mbreithe, agus 10 gcás ina raibh leanaí ina gcónaí le daoine dá mórtheaghlach.

**Fíor 2:** Orduithe Uchtála a Deonaíodh in 2024



Ní féidir Orduithe Uchtála a dheonú nuair a shlánaíonn leanbh 18 mbliana d'aois toisc go meastar faoin dlí gur duine fásta é nó í ansin. As 131 ordú uchtála a deonaíodh in 2024, bhí 47 cás ann ina raibh an leanbh 17 mbliana d'aois; 49 cás ina raibh sé nó sí idir 12 agus 16 bliana d'aois, 63 cás ina raibh sé nó sí idir seacht agus 11 bhliain d'aois, naoi gcás ina raibh sé nó sí idir dhá bhliain agus sé bliana d'aois agus trí chás ina raibh sé nó sí bliain d'aois.

**Fíor 3:** Uchtálacha Baile de réir Aois an Linbh, a deonaíodh in 2024




Rinne seirbhísí uchtála Tusla formhór na n-iarratas, 103, a mheasúnú agus a éascú. Rinne an ghníomhaireacht chreidiúnaithe, PACT, na 28 iarratas eile a mheasúnú agus a éascú.

Faoin Acht Uchtála, 2010, tá oibleagáid ar ÚUÉ ordú Ard-Chúirte a fháil sular féidir dul ar aghaidh le cásanna áirithe uchtála.

Ní mór do ÚUÉ iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ag iarraidh fógra don athair breithe agus comhairliúchán leis a ligean thar ceal sna cásanna seo a leanas:

- Nuair nach eol do ÚUÉ cé hé an t-athair breithe, nó
- Nuair nach raibh ÚUÉ in ann an t-athair breithe a aimsiú chun fógra a thabhairt dó agus dul i gcomhairle leis, nó
- An cás inarb amhlaidh, mar gheall ar chineál an chaidrimh idir an mháthair bhreithe agus an t-athair, nár chuí fógra a thabhairt don athair breithe ná dul i gcomhairle leis.

In 2024, rinneadh 20 iarratas chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 30 den Acht ionas go bhféadfaí dul ar aghaidh le hiarratas uchtála gan dul i gcomhairle leis an athair breithe. Deonaíodh gach ceann de na 20 iarratas.

As na hiarratais sin, rinne an Ard-Chúirt naoi n-ordú i gcúinsí inar measadh go raibh sé míchuí, nó nárbh fhéidir, fógra a thabhairt don athair breithe ná dul i gcomhairle leis. Rinneadh na 11 ordú eile i gcásanna nárbh eol cérbh é an t-athair breithe.

In 2024, rinneadh ceithre iarratas chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 18 den Acht. Éilítear é sin sa chás nach féidir dul i gcomhairle leis an athair breithe maidir lena leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil go luath i ndiaidh na breithe. In dhá chás, ní raibh céannacht an athar breithe ar eolas, agus in dhá chás ní shainaithineofaí an mháthair an t-athair breithe. Deonaíodh na ceithre ordú seo.

Tógadh dhá chás faoi Alt 26(1)(b) den Acht den chéad uair chomh maith. Is féidir an tAlt seo a úsáid i gcásanna nach féidir caomhnóir linbh a aimsiú. Deonaíodh an dá ordú seo.

Ionas gur féidir le ÚUÉ ordú uchtála a dhéanamh, ní mór do Tusla (nó i gcásanna áirithe, na hiarratasóirí) iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 54 sna cásanna seo a leanas:

- I gcás nach bhfuil toiliú tuismitheora le fáil,
- I gcás ina bhfuil fadhb ann maidir leis na cúinsí a bhaineann le socrúchán an linbh leis na tuismitheoirí uchtála ionchasacha,
- agus inar féidir a léiriú gur theip ar an tuismitheoir/na tuismitheoirí ina ndualgas i leith a linbh agus gur chun leas an linbh atá sé é nó í an uchtáil.

In 2024, rinneadh 21 iarratas chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 54 den Acht. Deonaíodh gach ceann de na 21 n-iarratas sin in 2024. Sna cásanna sin go léir, níorbh fhéidir toiliú na máthar breithe ná an chaomhnóra a fháil.

Féach ar an rannán Staitisticí sle haghaidh tuilleadh faisnéise.

## Foireann Uchtála Idir Tíortha

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

*Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta*

Dheonaigh ÚUÉ 30 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta in 2024 d'iarratasóirí a bhí ag iarraidh leanbh a uchtáil ó áiteanna thar lear agus chuir sé síneadh bliana le 10 nDearbhú a bhí deonaithe cheana.

*Clár na nUchtálacha idir Tíortha*

In 2024, rinneadh 208 iontráil i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha de bhun iarratais (RICA) ar uchtálacha a aithint. As an líon sin, bhí 191 iarratas ar uchtálacha a aithint ar cinn lasmuigh d'Éirinn iad a rinne duine nó daoine ar a bhfuil cónaí rialta lasmuigh den Stát.

*Meaitseáil Leanaí*

Bíonn an fhoireann uchtála idir tíortha ag obair i gcomhar leis an bhfoireann oibre sóisialta agus le comhairleoir leighis, chun comhairle a thabhairt maidir le riachtanais leanaí a mheaitseáil le cumas agus acmhainn na dtuismitheoirí uchtála ionchasacha. In 2024, atreoraíodh 15 leanbh go hÉirinn ó thíortha eile. Déanann foireann ildisciplíneach ÚUÉ athbhreithniú ar gach cás lena n-atreoraítear leanbh, agus ar an bhfoireann sin tá an Príomhoibrí Sóisialta, an Comhairleoir Leighis agus Bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha.

I mbliana, bhain 17 iontráil le huchtáil leanaí idir tíortha go hÉirinn a rinne daoine ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát.

*Clár um Aithint Inscne i gcomhair Uchtálacha Idir Tíortha*

I gcás daoine a bhfuil Deimhniú bailí um Aithint Inscne acu arna eisiúint ag an Roinn Coimirce Sóisialaí agus a bhfuil a n-uchtáil cláraithe i gClár na nUchtálacha Coigríche nó i dTíortha féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chuig ÚUÉ ar iontráil sa Chlár um Aithint Inscne i gcomhair Uchtálacha Idir Tíortha (GRICA).

Ba chóir iarratais a dhéanamh i scríbhinn chuig ÚUÉ agus ba chóir na nithe seo a leanas a bheith ag gabháil leo

- An bhunchóip den Deimhniú um Aithint Inscne a d'eisigh an Roinn Coimirce Sóisialaí;
- Cóip den litir fógra ón Roinn Coimirce Sóisialaí a bhí ag gabháil leis an Deimhniú um Aithint Inscne;
- Cóip den iontráil i gClár na nUchtálacha Coigríche nó i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha (má tá sí ar fáil).

Rinneadh iontráil amháin sa GRICA in 2024, i gcomparáid le dhá cheann in 2023.

*Údarás Lárnach faoi Choinbhinsiún na Háige um Chosaint Leanaí agus Comhar i Leith Uchtáil idir Tíortha*

Ainmnítear ÚUÉ mar Údarás Lárnach faoin Acht Uchtála, 2010. Ina ról mar Údarás Lárnach, is é Bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha an teagmhálaí ainmnithe maidir le gach ábhar a bhaineann le Coinbhinsiún na Háige.

*Rannpháirtíocht – Idir Tíortha*

Le tromlach vótaí ó na rannpháirtithe uile, rinneadh an Teilechomhdháil leathbhliantúil do Bhéarlóirí a athrú go cruinniú bliantúil in 2024. Reáchtáladh an cruinniú ar líne i Meán Fómhair 2024 maidir le cúrsaí uchtála idir tíortha agus ba í an Astráil a bhí ina hóstach air an ócáid seo. Bhí an cruinniú eolasach agus luachmhar, mar is gnáth. Is deis mhaith í seo chun nascadh lenár gcomhghleacaithe in Údaráis Láir eile, chun caidrimh a chothabháil agus chun fanacht suas chun dáta le saincheisteanna/treochtaí reatha uchtála idir tíortha.

Féach ar an rannán Staitisticí le haghaidh tuilleadh faisnéise.

*Bíonn an fhoireann uchtála idir tíortha ag obair i gcomhar leis an bhfoireann oibre sóisialta agus le comhairleoir leighis, chun comhairle a thabhairt maidir le riachtanais leanaí a mheaitseáil le cumas agus acmhainn na dtuismitheoirí uchtála ionchasacha*

# Seirbhísí Faisnéise agus Taifid



**1,264**
iarratas faighte agus curtha i gcrích maidir le heisiúint faisnéise

**7,234**
seiceáil déanta ar roghanna tuismitheoirí ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála

**24**
Iarratas ar Rochtain ó Ábhair Sonraí

**44**
Iarratas Saorála Faisnéise

**1,224**
iarratas TFC

**7,000+**
cáschomhad agus 1,700 clár aistrithe chuig ÚUÉ

## Taifid

### Scaoileadh Faisnéise faoi Chodanna 2–4 de AFBR 2022

Idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2024, fuair ÚUÉ 1,264 iarratas bailí a críochnaíodh iad uile in 2024 agus a bhain le scaoileadh faisnéise. Fuarthas 112 iarratas ar an meán in aghaidh na míosa.

*Na hÁiteanna óna bhfuarthas Iarratais*

Fuarthas 1,026 iarratas san iomlán ó Phoblacht na hÉireann, arb ionann é agus 82% de na hiarratais uile. Ba í an Ríocht Aontaithe an chéad dlínse eile ónar tháinig iarratais (126 iarratas), arb ionann iad agus 10%, tháinig 16 de na hiarratais seo ó Thuaisceart Éireann.

Ba ó 15 dhlínse éagsúla a tháinig an chuid eile de hiarratais. Is ionann iadsan agus 8% de na hiarratais go léir.

*Fuarthas 1,026 iarratas san iomlán ó Phoblacht na hÉireann, arb ionann é agus 82% de na hiarratais uile. Ba í an Ríocht Aontaithe an chéad dlínse eile ónar tháinig iarratais (126 iarratas), arb ionann iad agus 10%, tháinig 16 de na hiarratais seo ó Thuaisceart Éireann.*

*Catagóir Iarratasóirí*

**Tábla 1**

| Catagóir* | Sainmhínithe | Líon na nIarratas Baillí a fuarthas agus a cuireadh i gcrích |
|---|---|---|
| **Duine Iomchuí** | • duine uchtaithe;<br>• duine a ndearnadh clárú mícheart ar a bhreith nó a breith, nó a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici lena cheapadh go ndearnadh amhlaidh;** nó<br>• duine a bhí, nó a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici le bheith in amhras go raibh sé nó sí, tráth ar bith sa tréimhse tar éis a bhreithe nó a breithe agus dar críoch an dáta a slánóidh sé nó sí 18 mbliana d'aois;<br>◦ ina chónaí nó ina cónaí in institiúid a shonraítear i Sceideal an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022, nó<br>◦ duine atá faoi réir socrú altranais nó socrú iostais. | 1,196 |
| **Duine Cáilitheach** | Tugtar 'duine cáilitheach' ar mhac nó iníon le duine iomchuí. | 63 |
| **Gaol Cáilitheach** | Tugtar 'gaol cáilitheach' ar neasghaol duine iomchuí faoi AFBR agus féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh ar fhaisnéis más rud é go bhfuair an duine iomchuí bás agus é nó í ina leanbh in institiúid.<br>Chun críocha iarratais, is féidir ceann amháin díobh seo a leanas a bheith i gceist le 'neasghaol':<br>• máthair nó athair duine iomchuí éagtha.<br>• deartháir (deartháireacha) nó deirfiúr (deirfiúracha) leis an duine iomchuí, más rud é go bhfuil tuismitheoirí an duine iomchuí éagtha; uncail nó aintín leis an duine iomchuí, más rud é go bhfuil tuismitheoirí agus deartháireacha agus deirfiúracha an duine iomchuí (más ann dóibh) éagtha<br>• neacht (neachtanna) nó nia (nianna) an duine iomchuí, más rud é go bhfuil tuismitheoirí, deartháireacha agus deirfiúracha agus aintíní agus uncailí an duine iomchuí (más ann dóibh) éagtha. | 5 |
| **Iomlán*** ** | | **1,264** |

* Mar a léirigh an t-iarratasóir

** Dúirt 42 iarratasóir sa chatagóir Daoine Iomchuí go ndearnadh clárú mícheart ar a mbreith, nó go raibh forais réasúnacha ann lena cheapadh go ndearnadh amhlaidh.

*** Críochnaíodh 12 eisiúint fhorlíontach taifead in 2024 freisin, iad uile do dhaoine ábhartha.

*Formáid na faisnéise a iarradh*

D'iarr 445 duine (35%) a gcuid faisnéise a fháil i bhfoirm cruachóipe sa phost chuig a seoladh agus d'iarr 819 duine (65%) go seolfaí a gcuid faisnéise chucu i bhfoirm dhigiteach.

## Déan an Clár um Shainroghanna Teagmhála a sheiceáil le haghaidh Sainrogha Theagmhála tuismitheora faoi Ailt 7(1), 8(2), 9(4), agus 10(4) de 2022 AFBR agus Alt 2.3.2.5 de 2022 AFBR – Treoirlínte Beartais

Rinne ÚUÉ sainrogha tuismitheora a sheiceáil ar an gClár 3,695 uair in 2024. Bhain 1,264 díobh sin le scaoileadh taifead ag an ÚUÉ féin, agus bhain 2,395 le scaoileadh faisnéise ag Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Rinne Tusla gach iarraidh an CST a sheiceáil laistigh den tréimhse ama éigeantach, i.e. trí lá oibre.

## Iarratais ar Scaoileadh Faisnéise Míochaine Géinití faoi Alt 16 de AFBR 2022

San iomlán, d'ainmnigh 484 iarratasóir liachleachtóir ina n-iarratas ar fhaisnéis mhíochaine ghéiniteach duine iomchuí a roinnt. Dúirt beirt iarratasóir nach raibh liachleachtóir acu ag an am agus dhiúltaigh dá iarratasóir liachleachtóir a ainmniú.

## Seisiúin Faisnéise faoi Alt 17(2) de AFBR 2022

I gcás ina ndéantar rogha 'gan teagmháil' a thaifead i leith iontráil tuismitheora breithe ar an CST, ceanglaítear ar ÚUÉ seisiún faisnéise a chur ar bun ina gcuirtear in iúl an téacs a leagtar amach in Aguisín 1 den phrótacal,[1] le haon iarratasóir atá ag iarraidh a dteastas breithe, a bhfaisnéis bhreithe, a bhfaisnéis luathshaoil, a bhfaisnéis chúraim, a bhfaisnéis leighis nó míreanna arna soláthar faoi AFBR.

Reáchtáladh deich seisiún faisnéise le hiarratasóirí os cionn 18 mbliana d'aois chun faisnéis a chur ar fáil faoi Chuid 2 de AFBR 2022. Níor dhiúltaigh iarratasóirí d'aon seisiún faisnéise. Reáchtáladh gach ceann de na 10 seisiún faisnéise trí ghlaoch gutháin le duine ainmnithe, mar a shainmhínítear é Aguisín 2 a ghabhann leis an bprótacal. I gcás naoi n-iarratasóir  as 10, níor theastaigh ach an teagmháil tosaigh chun seisiún faisnéise a shocrú. Sa chás amháin eile, b'éigean teagmháil a dhéanamh le duine den dara huair chun dáta a shocrú leis an iarratasóir i gcomhair an tseisiúin faisnéise. Bhain 4 iarratas le scaoileadh faisnéise a bhí ag ÚUÉ, agus bhain na 6 iarratas eile le scaoileadh faisnéise a bhí ag Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach).

## Scaoileadh Faisnéise faoi Alt 19 (7) de AFBR 2022

Faoi 31 Nollaig 2024, cuireadh 1,264 iarratas i gcrích agus scaoileadh an fhaisnéis do na hiarratasóirí. Admhaíodh go bhfuarthas gach iarratas laistigh den tréimhse éigeantach cúig lá atá leagtha síos.

**Tábla 2**

| Catagóir* | Taifid a scaoileadh laistigh de mhí amháin | Taifid a scaoileadh laistigh de thrí mhí | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Duine Iomchuí** | 1,194 | 2 | 1,196 |
| **Duine Cáilitheach** | 63 | 0 | 63 |
| **Gaol Cáilitheach** | 5 | 0 | 5 |
| **Iomlán** | **1,262** | **2** | **1,264** |

## Athbhreithnithe faoi Alt 2.7 de AFBR 2022 – Treoirlínte Beartais

Fuair an tÚdarás 26 iarraidh ar athbhreithniú Dáileadh Ceadúnas Gnó de réir Catagóire in 2024.

## Próiseáil an Chláir um Shainroghanna Teagmhála faoi Chodanna 6 de AFBR 2022

Ar an 1 Iúil 2022, tháinig an Clár um Shainroghanna Teagmhála i bhfeidhm ar bhonn reachtúil faoi Chuid 6 de AFBR 2022.

Is í príomhfheidhm an Chláir nua teagmháil a chumasú idir baill teaghlaigh a ndeachaigh uchtáil i bhfeidhm orthu. Is bealach é an clár freisin chun sainrogha teagmhála a shonrú, agus iarraidh ar phríobháideachas san áireamh. Tá an rogha ag iarratasóirí faisnéis a roinnt a d'fhéadfadh cuidiú le duine muinteartha leo, ar nós faisnéis leighis nó faisnéis faoi chúlra.

Is féidir le hiarratasóirí ar an gClár ítim (litir, grianghraf, etc.) a thaisceadh do dhuine sonraithe, a thabharfar don duine sonraithe má chuireann an té sin a ainm nó a hainm leis an gClár nó má tá an t-ainm sin air cheana.

[1] *Prótacal Cumarsáide Idir Údarás Uchtála na hÉireann ('An tÚdarás') agus an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – Tusla ('An Ghníomhaireacht') maidir le Caibidil 2 de na Treoirlínte Beartais arna ndéanamh ag an Aire Leanaí, Comhionannais, Éagsúlacht, Ionchuimsiú agus Óige faoi Ailt 19, 25 agus 31 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022.*

*Líon na nIarratas ar Chlárú*

In 2024, fuair ÚUÉ 362 iarratas ó dhaoine a uchtaíodh, 44 iarratas ó thuismitheoirí agus 117 iarratas ó ghaolta eile ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála. Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb éard a bhí i gcuid acu sin (168) ná nuashonruithe ar iontrálacha a bhí ar an CST cheana, e.g. sonraí teagmhála a athrú agus sainroghanna teagmhála a thabhairt cothrom le dáta, etc.

*Catagóir na gCláraithe*

| Catagóir an Chláraí | Líon na gCláraithe de réir Cineáil |
|---|---|
| Duine uchtaithe | 362 |
| Tuismitheoir Uchtála | 0 |
| Aintín nó Uncail | 11 |
| Athair Breithe | 11 |
| Máthair Bhreithe | 33 |
| Col Ceathrar | 15 |
| Cara/Gaol duine uchtaithe atá marbh | 5 |
| Seantuismitheoir/Garpháiste | 0 |
| Neacht/Nia | 5 |
| Mac nó iníon duine uchtaithe | 19 |
| Deirfiúr nó Deartháir | 62 |
| Anaithnid | 1 |
| **Iomlán** | **524** |

*An Áit a bhfuil na Cláraithe*

Bhí 275 iontráil uathúla ar an gclár ó Phoblacht na hÉireann, arb ionann iad agus 77% de na hiontrálacha go léir. Ba í an Ríocht Aontaithe an chéad dlínse eile ba shuntasaí i gcás iontrálacha ar an gclár le 45 iontráil, arb ionann í agus 13% de na hiontrálacha go léir. Ba as Tuaisceart Éireann naoi gcinn de na hiontrálacha seo.

Bhí an chuid eile de na hiontrálacha, seachas na cinn ó Éirinn nó ón Ríocht Aontaithe, ó naoi ndlínsí éagsúla, i.e. an Astráil, Beirmiúda, Ceanada, an Iodáil, an Íslitír, an Nua-Shéalainn, an Iorua, an Eilvéis, agus na Stáit Aontaithe. Is ionann iadsan agus 10% de na hiontrálacha go léir.

### Taisceadh faisnéise agus míreanna faoi Alt 39 de AFBR 2022

Cuireadh 60 mír arna soláthar faoi bhráid an ÚUÉ, agus scaoileadh sé cinn, in 2024.

### Soláthar cúnaimh faoi Alt 63 (2) (a) den AFBR 2022

In 2024, thug ÚUÉ tacaíocht do 53 duine ábhartha maidir le léirmhíniú agus tuiscint a fháil ar thaifid a eisíodh faoi Chodanna 2–4 den AFBR 2022. B'ionann seo agus 1.6% de na fiosrúcháin uile (3,392) a ndéileáil an fhoireann Taifead leo in 2024.

## Réitigh Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

In 2024, bhainistigh an fhoireann Réitigh tionscadail a raibh réimse leathan iontu, ó shuiteáil agus uasghrádú uirlisí bogearraí go bonneagar a sholáthar chun tacair sonraí agus faisnéise nua-fhaighte a bhainistiú. Ina theannta sin, rinneadh go leor athbhreithnithe feabhsúcháin próisis agus mar thoradh air sin, rinneadh athruithe ar an gcaoi a mbainistímid agus a stórálaimid ár sonraí de réir mar a théann siad tríd an aistear ó bheith beo go bheith stairiúil. Ag tabhairt na n-uirlisí bogearraí a theastaíonn ó fhoireann ÚUÉ chun leanúint orthu ag soláthar seirbhís láidir, thráthúil agus ardchaighdeáin dár n-úsáideoirí seirbhíse, rinneadh na tionscadail uile agus ár bprionsabail seo a leanas mar bhonn leo

- slándáil sonraí láidir
- dea-rialachas sonraí
- sonraí a chur in oiriúint don todhchaí
- feidhmiúlacht stuama chuardaigh agus aisghabhála.

As na 38 tionscadal/gníomhaíocht a rinneadh in 2024, tá cur síos ar chúpla sampla thíos.

### Toirteanna agus Clár Theaghlaigh an Chontae – Tionscadal Ionchuir Sonraí

Ag tacú le roinn líne ÚUÉ (an RLMC) i gcur i bhfeidhm Acht na Scéime Íocaíochta d'Institiúidí Máthar agus Leanaí 2023, tá 'taifid ábhartha' faighte ag ÚUÉ faoi Chuid 7 den AFBR 2022. Tá bonneagar córais bainistíochta sonraí leictreonacha (Córas Leictreonach Bainistíochta Doiciméad – CLBD) tógtha ag an bhfoireann Réitigh ionas go bhféadfar cuardach agus aisghabháil a dhéanamh ar imleabhair chlár ábhartha. Ina theannta sin, tá an fhaisnéis a bhaineann le taifid ábhartha daoine aonair á tras-scríobh agus á stóráil ar ár CLBD. Cinnteoidh bonneagar TFC le háiseanna cuardaigh agus aisghabhála a fhorbrófar go hinmheánach go mbeidh ÚUÉ in ann an fhaisnéis is iomláine is féidir a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse, más ann di, faoina luathshaoil. Is tionscadal mór é seo agus meastar go mairfidh sé go dtí 2027.

## Córas Ticéadaithe d'fhoireann Corparáideach ÚUÉ

D'iarr ár bhfoireann Seirbhísí Corparáideacha réiteach níos fearr chun líon agus éagsúlacht na n-iarratas a fhaigheann fhoireann Corparáideach ÚUÉ a bhainistiú. Chuir an réiteach foirm inmheánach ar fáil agus tá sí ar fáil do gach úsáideoir ÚUÉ agus í faoi úinéireacht na foirne Corparáidí. Is féidir le húsáideoirí ticéad a logáil, admháil uimhrithe a fháil agus a bheith cinnte go bhfuil a n-iarratas curtha i scuaine leis an mball foirne ceart. Cuireann an uirlis ar chumas daoine bealach níos éasca agus níos gonta a úsáid chun ticéid úsáideoirí a bhainistiú, ó chúrsaí simplí tí go slándáil foirgnimh nó airgeadas. Is furasta iarratais a rianú anois, agus tá méadrachtaí feidhmíochta ar fáil don bhainistíocht.  I gcásanna áirithe, cuireann tuairisciú agus anailís ar chúiseanna fréamhacha cosc ar fhadhbanna dul in olcas agus tionchar a imirt ar an eagraíocht ar fad.

## MS Teams a shuiteáil mar ardán

Mar thionóntaí d'Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais, tugadh isteach Microsoft Teams mar ardán do ÚUÉ. Chiallaigh sé seo go raibh gá le réimse uasghráduithe a dhéanamh, i gcomhar le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais agus ár mbonn úsáideoirí. Tháinig Teams mar ardán in ionad na seanteicneolaíochtaí teachtaireachtaí meandaracha, cruinnithe agus comhdhála. Thar thréimhse trí mhí, rinneadh na huasghráduithe agus an oiliúint ag baint úsáide as modheolaíochtaí solúbtha, rud a chiallaíonn gur aistriú teicneolaíochtaí an-réidh a bhí ann ó shean-theicneolaíochtaí go teicneolaíochtaí nua. Tugann an teicneolaíocht nua mothú níos nua-aimseartha dár mbonneagar teicneolaíochta agus feabhsaíonn sí ár n-uirlisí cumarsáide.

## Tabhairt isteach na huirlise teicneolaíochta Slán-Aistriú Comhad

Mar thionónta de chuid Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais, cloímid go docht leis na socruithe slándála atá curtha i bhfeidhm ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais chun sinn féin agus a dtionóntacht níos leithne a chosaint. Uaireanta bíonn sé deacair agus tógann sé an-chuid ama comhaid a bhogadh go slán idir gníomhaireachtaí. Chun an fhadhb seo a shárú maidir le tacaíocht a sholáthar don Scéim Íocaíochta d'Institiúidí Máithreacha agus Leanaí, thugamar isteach uirlis Slán-Aistrithe Comhad atá á óstáil ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais.  Tá luas ollmhór tagtha ar ár bpróiseas aistrithe comhad dá bharr, agus is féidir le foireann RLMC atá i mbun riar na Scéime um Shásamh rochtain a fháil go héasca ar na cóipeanna digitithe.

I rith 2024, rinne foireann na Réiteach 1,224 iarraidh ó úsáideoirí inmheánacha, sin méadú 8% ón mbliain seo chaite. Rinneadh iarratais a chatagóiriú mar Ghnó mar is Gnáth nó Tionscadal. As na 1,224 iarratas, catagóiríodh 1,186 mar Ghnó mar is Gnáth agus 38 mar thionscadail. As na 1,186 glao Gnó mar is Gnáth a fuarthas, réitíodh 1,034 acu ar an lá céanna. Thóg sé níos faide cuid de na hiarratais a réiteach, rud a d'éiligh roinnt plé idir an t-úsáideoir agus na soláthraithe. Bainimid úsáid as leibhéil tosaíochta chun práinne na n-iarrataí a shocrú agus chun ár gcuid oibre a sceidealú.

**Tábla 3:** Iarratais úsáideoirí a fuarthas in 2024

| Leibhéal Tosaíochta | Sainmhíniú ar an Leibhéal Tosaíochta | Líon a Fuarthas |
|---|---|---|
| **1** | Gan Seirbhís – Tionchar ar gach úsáideoir | 0 |
| **2** | Tionchar ar fhoireann amháin | 42 |
| **3** | Tionchar ar bhall foirne amháin | 393 |
| **4** | Iarraidh ar fhorbairt nó athrú | 334 |
| **5** | Mionearráidí sonraí a cheartú | 455 |
| **Iomlán** | | **1,224** |

- Níor taifeadadh aon ghlaonna tosaíochta 1 in 2024, rud a chiallaíonn nár cuireadh isteach ar ár seirbhís óstáilte Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais.
- Úsáidtear Tosaíocht 2 nuair a théitear i bhfeidhm ar fhoireann iomlán. Baineann sé seo go ginearálta le hiarratais phráinneacha forbartha ina bhfuil gá le rud éigin nua.
- Baineann Tosaíocht 3 go ginearálta le fadhbanna a bhíonn ag úsáideoirí maidir le ceadanna, trealamh nó socruithe uirlisí. Féadfar iad seo a ardú i gcás ina bhfuil rud éigin imithe amú nó i gcás ina bhfuil gá le píosa oiliúna.
- De ghnáth, léiríonn tosaíocht 4 cineál éigin forbartha.  Bhí go leor díobh seo sách beag agus bhí athruithe ar bhailíochtú sonraí ag teastáil uathu. Bhí iarratais forbartha eile mór nó casta go leor chun anailís ghnó agus dearadh agus forbairt réitigh a bheith tuillte acu.  Déantar go leor tionscadal a bhainistiú go hinmheánach ach bíonn ócáidí ann ina n-oibrímid lenár ndíoltóirí tríú páirtí chun réiteach iomlán nó páirteach a sholáthar.
- De ghnáth is réitigh thapa iad glaonna Thosaíocht 5 agus réitítear iad laistigh de lá amháin.

**Tábla 4:** Catagóirí na n-iarrataí ó úsáideoirí a cuireadh isteach chuig an Deasc Chabhrach TFC in 2024

| Iarrataí de réir catagóire | Líon na nIarrataí |
|---|---|
| CLBD | 853 |
| Uirlisí Oifige | 73 |
| Seirbhís Líonra | 56 |
| Próifíl Úsáideora | 84 |
| Foirmeacha | 37 |
| Inlíon | 60 |
| Cumarsáid | 25 |
| Priontáil | 18 |
| Uirlisí PDF | 15 |
| Oiliúint | 3 |
| **Iomlán** | **1,224** |

Níorbh fhéidir 181 iarratas ar an iomlán a réiteach go hinmheánach agus cuireadh ar aghaidh chuig óstaigh ár líonra, Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais, iad. Bhain na ticéid seo den chuid is mó le hiarratais ar rochtain úsáideoirí; cruthú cuntas; agus próisis daoine a théann isteach, a bhogann agus a fhágann an tseirbhís.

A bhuí le heolas agus saineolas na gceathrar ball den fhoireann Réitigh, tugadh treoir agus dul chun cinn ar roinnt tionscadal a bhain le Córas Leictreonach Bainistíochta Doiciméad. Bhí sé fós ríthábhachtach teacht ar bhealaí níos nuálaí chun plé le hábhar digitithe, chun tuairimí úsáideoirí a spreagadh agus chun seirbhís níos fearr a chur ar fáil dár gcliaint agus dár bpáirtithe leasmhara.

Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an gclár digitithe, rud a chuireann ar a chumas do ÚUÉ íomhánna caighdeánacha 300DPI HD a chur in ionad íomhánna doiciméad atá ann faoi láthair. Léirítear torthaí na hoibre sin sa cháilíocht amhairc níos fearr a bhaineann leis na híomhánna de sheandoiciméad a bhfuil drochbhail orthu, rud a fhágann go ndéantar na hítimí leochaileacha a láimhseáil a laghad is féidir.

Leantar ar aghaidh ag baint leasa as uirlis ríomhshínithe a tugadh isteach le linn na paindéime COVID-19 agus tá sí fós úsáideach nuair is gá doiciméid dhigiteacha a shíniú agus a chur ar aghaidh idir páirtithe. Sábháiltear go leor ama, go háirithe nuair a bhíonn samhail oibre chumaisc i gceist, agus is féidir cinntí, comhaontuithe agus conarthaí a shíniú go foirmiúil. Tá uirlis an ríomhshínithe comhtháite go hiomlán inár bpacáiste eagarthóireachta doiciméad.

Níor tháinig aon athrú sa bhliain 2024 ar ár soláthraí tríú-páirtí a chuireann tacaíocht e-DMS ar fáil. Níor athraigh ár bhfoirmeacha gréasáin ar líne ná ár soláthraithe uirlisí cláir bháin ach an oiread.

## An Chartlann

### Na hAchtanna um Chartlann Náisiúnta 1986–2018

Lean ÚUÉ de bheith ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí faoi Achtanna na gCartlann Náisiúnta 1986-2018 maidir le taifid a bhainistiú trí leanúint de chomhoibriú le foirne ar fud ÚUÉ maidir lena gcleachtais inmheánacha coimeádta taifead, lena n-áirítear iniúchtaí taifead. Ghlac ÚUÉ páirt i gceithre chruinniú de chuid Líonra Cartlannaithe Stáit agus Bainisteoirí Taifead in 2024 chomh maith.

### An tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022

Déanann Cuid 7 de AFBR 2022 foráil maidir le coinneáil, cothabháil agus cosaint ‘taifead ábhartha’. Cuireann an tAcht ar chumas ‘foinsí faisnéise’ ‘taifid ábhartha’ a aistriú faoi chúram ÚUÉ. Cinntíonn an fhoráil reachtaíochta seo go ndéantar taifid stairiúla tábhachtacha a bhaineann le huchtáil, socruithe lóistín nó altranais, clárúcháin breithe mídhleathacha líomhainte agus Institiúidí Theaghlaigh an Chontae a chosaint.

In 2024, cheadaigh Bhord ÚUÉ dhá threoir faoi Alt 48 de AFBR 2022 maidir le haistriú taifead iomchuí ó fhoinsí faisnéise:

| Treoir Eisithe chuig | Taifid Ábhartha |
|---|---|
| Deoise Chaitliceach Rómhánach Chorcaí agus Rois | Taifid Chumann Uchtála Naomh Anna (Uimhir Chlárúcháin R1/54) – lena n-áirítear cáschomhaid, dialainní coinní agus taifid ghaolmhara. |
| Gníomhaireacht Idirghabhála Uchtála Helping Hands | Cáschomhaid HHAMA – 52 bosca baincéirí |

Chun taifid a aistríodh faoi chúram ÚUÉ a bhainistiú go héifeachtach, chuir foireann na Cartlainne clár próiseála cartlannaíochta i gcrích ar roinnt bailiúchán a fuarthas ó roinnt foinsí faisnéise de bhun treoracha roimhe seo faoi Alt 48.

Bhain an obair seo le socrú agus cur síos mionsonraithe a dhéanamh ar c.1,700 imleabhar Teaghlach Contae d’institiúidí atá ag feidhmiú i gcontaetha Cheatharlach, an Chabháin, an Chláir,

Chorcaí (Theas), Chorcaí (Thiar), Chiarraí, Chill Dara, Chill Chainnigh, Laoise, Liatroma, Luimnigh, Longfoirt, Maigh Eo, na Mí, Muineacháin, Ros Comáin, Thiobraid Árann (Thuaidh), Phort Láirge, Loch Garman agus Chill Mhantáin.

Ghlac ÚUÉ bailiúchán de freisin c.7,000 comhad cigireachta ó Chumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC) mar aon le leabhair innéacs gaolmhara. Rinneadh catalógú chun a chinntiú go raibh 'taifid ábhartha' infheicthe agus inrochtana ag an ÚUÉ chun go mbeadh sé in ann a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh faoin AFBR 2022.

Tá treoir nuashonraithe foilsithe ag ÚUÉ maidir le '*Who Holds What Records*' ar a shuíomh gréasáin.

## Acht um Scéim Íocaíochta Institiúidí Máthar agus Leanaí 2023

Tugann Ailt 22 agus 54 d'Acht 2023 cumhacht d'Oifig an Phríomh-Oifigigh Bhreithiúnachta, atá lonnaithe sa RLMC, taifid ábhartha a iniúchadh chun críocha riaradh na scéime.

Chun tacú go héifeachtach le hOifig an Phríomh-Oifigigh Bhreithiúnachta, bhunaigh foireann na gCartlann seirbhís tagartha a chuireann ar chumas oifigigh ainmnithe Oifig an Phríomh-Oifigigh Bhreithiúnachta taifid ábhartha, nach bhfuil digitithe fós, a chuardach de láimh chun go bhfíoróidh siad an t-am a chaith iarratasóirí ar an scéim in institiúidí sonracha Theaghlach an Chontae.

**Seomra Léitheoireachta:** Staitisticí Seirbhíse Tagartha Márta 2024-Nollaig 2024

| Líon na gcuairteanna taighde | Ullmhúchán & Maoirseacht (am) |
|---|---|
| 25 | 290 hrs |

*Digitiú*

Chomhoibrigh foireann na gCartlann leis an bhfoireann Réitigh agus le díoltóirí tríú páirtí ÚUÉ chun digitiú spriocdhírithe thaifid Theaghlaigh an Chontae a éascú.

- Rochtain inbhuanaithe inmheánach a sholáthar ar 'thaifid ábhartha' do bhaill foirne ÚUÉ chun tacú leo i riaradh fheidhmeanna reachtúla ÚUÉ faoin AFBR 2022; agus
- Rochtain inbhuanaithe a sholáthar ar thaifid dhigitithe chun tacú leis an Oifig an Phríomh-Oifigigh Bhreithiúnachta i riaradh a fheidhmeanna reachtúla faoin Acht um Scéim Íocaíochta Institiúidí Máthar agus Leanaí 2023.

Staitisticí Digitithe Theaghlaigh an Chontae

| Líon iomlán na n-imleabhar measúnaithe | Líon iomlán na n-imleabhar sa raon feidhme | Líon iomlán na n-imleabhar laistigh den raon feidhme a scanadh |
|---|---|---|
| 1, 760 | 1,241 | 400 (32.2%) |

| Imleabhair Ardtosaíochta Iomlána[2] | Ardtosaíocht Scanta |
|---|---|
| 400 | 400 (100%) |

| Iomlán na nImleabhar Meántosaíochta[3] | Scanadh Meántosaíochta |
|---|---|
| 163 | Nil (0%) |

| Imleabhair Ísealtosaíochta Iomlána | Scanadh Ísealtosaíochta |
|---|---|
| 678 | Nil (0%) |

## Iarratais ar Shaoráil Faisnéise

Foilsíonn ÚUÉ sonraí na n-iarrataí um shaoráil faisnéise a fhaightear, de réir cheanglais Chód Cleachtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Saoráil Faisnéise i gcás Comhlachtaí Poiblí.

In 2024, fuair ÚUÉ 44 iarraidh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

- deonaíodh 29 iarratas/cuid díobh;
- diúltaíodh 8 gcinn;
- aistríodh 2 cheann;
- tarraingíodh siar 5 cinn nó láimhseáladh iad lasmuigh den reachtaíocht saorála faisnéise;
- rinneadh achomharc i gcoinne 4 cinn agus bhí Athbhreithnithe Inmheánacha ag teastáil.

Ba é an chúis a bhí leis an gcinneadh diúltú i gcás trí cinn de na hiarratais ná go n-ainmníonn Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 an ÚUÉ mar 'Gníomhaireacht a Chuimsítear i bPáirt'. Fágann sé sin nach bhfuil feidhm ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise maidir le 'taifid a bhaineann le, nó a d'eascair as, ordú uchtála a dhéanamh nó maidir le huchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát, de réir bhrí an Achta Uchtála 2010'. I gcás na 5 iarraidh eile ar diúltaíodh dóibh ní raibh an fhaisnéis ar fáil nó tá sí san fhearann poiblí cheana féin.

[2] *Bhí 400 mír ardtosaíochta faoi raon feidhme scanta ag conraitheoirí ÚUÉ.*
[3] *Bhí 163 mír meántosaíochta faoi raon feidhme scanta ag conraitheoirí ÚUÉ.*

Cuireadh an dá iarratas a aistríodh chuig Tusla agus chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Sna cásanna sin, moladh do na hiarratasóirí Iarraidh ar Rochtain ó Ábhar Sonraí a dhéanamh faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí nó iarratas faoi AFBR de réir chuid 2–4 de AFBR de réir mar ba chuí. Seasadh leis na ceithre Athbhreithniú Inmheánacha.

## Cosaint Sonraí

### Iarrataí ar Rochtain d'Ábhair Sonraí

In 2024, tháinig laghdú ar líon na nIarrataí ar Rochtain ó Ábhar Sonraí a rinneadh chuig ÚUÉ. Fuarthas 24 iarraidh, sin laghdú 17% ar an mbliain roimhe sin (29).

Ó cuireadh tús le AFBR 2022, tá laghdú tagtha ar líon na n-iarratas ó dhaoine uchtaithe ag an bhfoireann um Chosaint Sonraí. Baineann formhór na n-iarratas a fhaigheann an tOifigeach Cosanta Sonraí le máithreacha breithe atá ag lorg faisnéise den chéad uair fúthu féin nó fúthu gaolta a bhfuil tionchar ag an bpróiseas uchtála orthu.

Is iondúil gur le próiseas dlíthiúil na huchtála a bhaineann na hIarrataí ar Rochtain ó Ábhar Sonraí a fhaigheann ÚUÉ. Mar sin féin, coimeádann ÚUÉ na taifid a bhaineann leis an ngné oibre sóisialta den phróiseas uchtála do na gníomhaireachtaí seo a leanas:

- Teach Bethany
- Cúnamh, ar a dtugtaí Cumann Cosanta agus Tarrthála Caitliceach na hÉireann (CRTSI)
- Teach Denny;
- Teach Leanaí Fairfield
- Uchtálacha teaghlaigh;
- Here2Help, lena n-áirítear comhaid de chuid PACT (An Cumann Uchtála Protastúnach) roimh 2010
- Uchtálacha príobháideacha ó 1952 go dtí 1991
- Socrúcháin phríobháideacha;
- Cumann Uchtála Naomh Bríd
- Cumann Uchtála Naomh Treasa
- Teach Mhaigdiléana
- The Nursery Rescue Society.

*Ó cuireadh tús le AFBR 2022, tá laghdú tagtha ar líon na n-iarratas ó dhaoine uchtaithe ag an bhfoireann um Chosaint Sonraí. Baineann formhór na n-iarratas a fhaigheann an tOifigeach Cosanta Sonraí le máithreacha breithe atá ag lorg faisnéise den chéad uair fúthu féin nó fúthu gaolta a bhfuil tionchar ag an bpróiseas uchtála orthu.*

Bhí cásanna ann nárbh fhéidir freagraí ar iarrataí a sholáthar laistigh den fhráma ama reachtúil 30 lá, mar thoradh ar shrianta acmhainní nó mar gheall ar chastacht na dtaifead a bhí le hathbhreithniú. Sna cúinsí sin, cuireadh é sin in iúl d'iarratasóirí agus cuireadh fráma ama athbhreithnithe ar fáil dóibh le haghaidh freagra iomlán.

As na 24 iarratas, ba iarratais bhailí iad 23 acu. Diúltaíodh do cheann amháin toisc nár soláthraíodh aon fhianaise aitheantais nuair a iarradh é.

Níor cuireadh aon achomharc isteach chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí de réir in 2024.

| | Líon na n-Iarratas ar Rochtain ó Ábhair Sonraí | Líon na n-Iarratas ar Rochtain ó Ábhair Sonraí ar Diúltaíodh Dóibh | Achomhairc chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí | Cinneadh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí |
|---|---|---|---|---|
| **2013** | 10 | 0 | 0 | n/bh |
| **2014** | 7 | 0 | 0 | n/bh |
| **2015** | 8 | 2 | 0 | n/bh |
| **2016** | 8 | 2 | 0 | n/bh |
| **2017** | 6 | 0 | 0 | n/bh |
| **2018** | 3 | 1 | 0 | n/bh |
| **2018*** | 12 | 5 | 0 | n/bh |
| **2019** | 26 | 5 | 1 | Ag feitheamh ar chinneadh |
| **2020** | 32 | 3 | 0 | n/bh |
| **2021** | 97 | 9 | 1 | Taifid eisithe le folú déantar air de bhun cinneadh ón gCoimisinéir |
| **2022** | 73 | 10 | 0 | 0 |
| **2023** | 29 | 3 | 0 | n/bh |
| **2024** | 24 | 1 | 0 | n/bh |

*Tar éis don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) teacht isteach an 25 Bealtaine 2018

## Feasacht ar Chosaint Sonraí

In 2024, chuir Oifig um Chosaint Sonraí de chuid ÚUÉ béim mhór ar fheasacht ar chosaint sonraí a mhúscailt laistigh de ÚUÉ. Rinneadh é seo trí oiliúint shaincheaptha a chur ar fáil d'aonaid ghnó do gach foireann a dhíríonn ar an gcaoi a mbaineann cosaint sonraí le gach feidhm go sonrach. Cinntíonn sé seo, ar a seal, go bhfuil ÚUÉ ag comhlíonadh ár n-oibleagáide faoi reachtaíocht um chosaint sonraí agus go dtacaíonn sé leis an dea-chleachtas i réimse na cosanta sonraí agus le tiomantas ÚUÉ d'úsáideoirí seirbhíse inár bplean gnó. Tuairiscíodh sárú sonraí tríú páirtí amháin don Choimisiún um Chosaint Sonraí in 2024.

# Obair Shóisialta



**403**
cás rianaithe faighte agus 324 leithdháilte

**Foirm aiseolais**
seolta d'Iarratasóirí ar Sheirbhís Rianaithe

**16**
duine óg uchtaithe trí uchtáil idir tíortha ag lorg a gcuid bunaidh

**49**
gearr-idirghabháil curtha i gcrích

**306**
Athbhreithníodh 306 comhad mar chuid de na próisis uchtála reathas

## Réamhrá

Lean Seirbhís Oibre Sóisialta ÚUÉ ar aghaidh ag cur lena freagrachtaí reachtúla i rith 2024, ag feabhsú ár dtiomantas chun tacaíocht chomhbhách agus chumhachtach a sholáthar do na daoine aonair agus do na teaghlaigh a bhfreastalaímid orthu. I mbliana, tá fócas níos doimhne againn i réimsí na rianaithe, na hidirghabhála agus na gearr-idirghabhála. Agus sinn ag dul tríd an obair thábhachtach seo, bímid aireach ar an tionchar buan atá ag ár gcuid oibre ar shaol na ndaoine a dtacaímid leo, agus déanaimid iarracht a bheith freagrach do scéalta agus eispéiris aonair ár gcliaint.

Tá ár gcur chuige oibre sóisialta solúbtha fós, ag ionchorprú samhlacha éagsúla a ligeann dúinn freastal ar riachtanais na ndaoine a n-oibrímid leo. Cuirimid béim láidir ar chur chuige insinte, agus meas againn ar scéal gach cliaint mar threoir ríthábhachtach chun a gcuid riachtanas a thuiscint.

Fréamhaithe i dteoiric na gcóras, aithnímid na hidirnaisc ríthábhachtacha idir daoine aonair, teaghlaigh agus pobail, ag tacú le cruthú líonra cúraim agus comhoibrithe. Leanann na samhlacha seo, mar aon le saineolas ár bhfoirne i réimse na n-uirlisí digiteacha agus an taighde, de bheith ag feabhsú éifeachtacht ár n-iarrachtaí rianaithe.

Agus ár ról oibre sóisialta á chomhlíonadh againn, aithnímid oidhreacht chasta na hoibre sóisialta de réir mar a leanaimid orainn ag obair i réimse na huchtála in Éirinn. Is é an t-aitheantas seo ar an am atá thart a spreagann ár dtiomantas leanúnach chun meas a léiriú ar aistear gach cliant agus foghlaim uaidh. Is sa spiorad sin a bhíomar bródúil as ár bhFoirm Aiseolais Cliant a fhorbairt agus a sheoladh, rud a sheolamar in 2024, agus tá áthas orainn cuid den aiseolas a fuaireamar a thuairisciú thíos.

## Bunfheidhmeanna

Lean an tSeirbhís Oibre Sóisialta san Údarás Uchtála uirthi leo seo a leanas

1. Seirbhís rianaithe a chur ar fáil faoi Chuid 5 de AFBR 2022 (áit a bhfuil comhad na gníomhaireachta againn).
2. Oibriú le daoine atá meaitseáilte ar an gClár CST faoi Chuid 6 de AFBR 2022.
3. Tacaíocht agus gearr-idirghabháil a chur ar fáil do dhaoine a dtéann na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi AFBR 2022 i bhfeidhm orthu ar bhealach éigin (áit a bhfuil comhad na gníomhaireachta againn).
4. Athbhreithniú a dhéanamh ar chodanna de chásanna uchtála reatha baile agus idir tíortha a rinneadh faoin Acht Uchtála, 2010.
5. Freagraí a thabhairt ar cheisteanna ón bpobal agus ó ghairmithe maidir le huchtáil, le rianú agus le AFBR 2022.

## Struchtúr

In 2024, bhí Príomh-Oibrí Sóisialta, Ceannaire Foirne, cúigear Cleachtóirí Sinsearacha Oibre Sóisialta agus triúr Oibrithe Sóisialta ar an bhFoireann Oibre Sóisialta. Tá seachtar ball foirne oibre sóisialta freagrach as an tSeirbhís Rianaithe a oibriú le haghaidh uchtálacha intíre. As an triúr ball foirne oibre sóisialta atá fágtha, tá duine amháin freagrach as obair a bhaineann leis an CST, déanann duine amháin obair Gearr-Idirghabhála na seirbhíse agus comhlíonann an t-oibrí sóisialta eile freagrachtaí na seirbhíse i leith Rianú Uchtála Idir Tíortha.

## Seirbhís Rianaithe

Tá ÚUÉ tiomanta do sheirbhís rianaithe inrochtana, cothrom agus dírithe ar an duine a sholáthar. Meastar go bhfuil gach iarratas a fhaightear tábhachtach, toisc gur céim thar a bheith suntasach í gach iarratas don duine lena mbaineann.

Chun an t-éileamh a bhainistiú agus freagairt do na cásanna is práinní go tráthúil, déantar iarratais a chatagóiriú i sraitheanna. Leis an gcóras seo, is féidir linn a chinntiú go dtugtar tús áite dóibh siúd a bhfuil na riachtanais is mó agus is práinní acu, agus ag an am céanna gach iarratas a chur chun cinn ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir.

Is iad seo a leanas na sraitheanna:

- **Sraith 1** – Cúinsí Sláinte Eisceachtúla (nó riachtanas eisceachtúil eile): Iarratais ina bhfuil géarghá le sláinte nó imthosca eisceachtúla a éilíonn aird láithreach.
- **Sraith 2** – Iarratas Rianaithe Tuismitheora/ Leanaí: Iarratais arna ndéanamh ag tuismitheoir nó ag leanbh atá ag lorg teagmhála dírí lena chéile.
- **Sraith 3** – Iarratas ar Rianú Siblíní: Iarratais ina mbaineann an t-iarratas le deartháir nó deirfiúr a rianú.
- **Sraith 4** – Caidrimh Eile Teaghlaigh: Iarratais chun baill teaghlaigh níos leithne a rianú thar na catagóirí thuasluaite.

Léiríonn an cur chuige seo ár n-aitheantas, cé go bhfuil tábhacht le gach iarratas rianaithe, go n-éilíonn roinnt imthosca dul chun cinn níos tapúla mar gheall ar phráinn nó dlúthchaidreamh an chaidrimh atá á lorg.

Fuair an tSeirbhís Oibre Sóisialta 403 atreorú maidir le rianú agus leithdháileadh 324 cás.

| Rianú | Faighte | Leithdháilte |
|---|---|---|
| Sraith 1 | 2 | 2 |
| Sraith 2 | 317 | 271 |
| Sraith 3 | 61 | 41 |
| Sraith 4 | 23 | 10 |
| Iomlán | 403 | 324 |

## Foghlaim ón Rianú

### *Torthaí an Rianaithe*

In 2024, thiomsaigh an tSeirbhís Oibre Sóisialta staitisticí faoi thorthaí cásanna rianaithe a dúnadh i rith na bliana (201).

Creideann ÚUÉ go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach go gcuirfeadh na daoine a sholáthraíonn seirbhísí torthaí na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoin AFBR 2022 ar fáil chomh forleathan agus is féidir. Táthar ag súil go gcuirfidh foilsiú na dtorthaí seo feabhas ar an mbonn fianaise do dhaoine uchtaithe agus dá dteaghlaigh agus go neartóidh sé cuntasacht na hoibre sóisialta.

Tá miondealú ar na torthaí seo ar fáil sa chuid dar teideal Staitisticí.


### *Ceachtanna ó Aiseolas Úsáideoirí Seirbhíse*

Le linn 2024, sheol Seirbhís Oibre Sóisialta ÚUÉ Foirm Aiseolais do chliaint a d'iarr seirbhís faoin AFBR 2022. Tá ÚUÉ tiomanta do thuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a mbíonn taithí ag cliaint ar sheirbhísí rianaithe agus conas is féidir seirbhísí a fhorbairt tuilleadh. Seo a leanas trí (3) phríomhghné den aiseolas a fuarthas go dtí seo: go mbíonn meas ag cliaint ar chaidreamh oibre dearfach a bheith acu lena n-oibrí sóisialta a sanntar dóibh; go raibh taithí dhearfach ag cliaint ar an bpróiseas rianaithe i gcoitinne, fiú nuair nach raibh an toradh mar a raibh súil acu leis; agus go bhfuil gá leanúnach le soiléireacht faoi na torthaí féideartha a d'fhéadfadh a bheith ar rianú.


Lorgaíodh aiseolas faoi na catagóirí seo a leanas:

- Mhínigh m'oibrí sóisialta an tseirbhís go han-soiléir dom
- Bhí sé éasca teagmháil a dhéanamh le m'oibrí sóisialta
- Phléigh m'oibrí sóisialta plean liom maidir le mo chás.
- Rinne m'oibrí sóisialta breithniú ar mo mhianta mar chuid dár bplé.
- D'éist m'oibrí sóisialta liom, agus mhothaigh mé gur thuig sé/sí mé
- Choinnigh m'oibrí sóisialta ar an eolas mé go rialta faoi fhorbairtí i mo chás.
- Thug m'oibrí sóisialta an leibhéal tacaíochta a bhí ag teastáil uaim
- Bhí tuiscint shoiléir agam nuair a dúnadh mo chás ar an obair a bhí curtha i gcrích


### 1. Mhínigh m'oibrí sóisialta an tseirbhís go han-soiléir dom





### 2. Bhí sé éasca teagmháil a dhéanamh le m'oibrí sóisialta





### 3. Phléigh m'oibrí sóisialta plean liom maidir le mo chás




### 4. Rinne m'oibrí sóisialta breithniú ar mo mhianta mar chuid dár bplé





### 5. D'éist m'oibrí sóisialta liom agus mhothaigh mé gur thuig sé/sí mé





### 6. Choinnigh m'oibrí sóisialta ar an eolas mé go rialta faoi fhorbairtí i mo chás



### 7. Thug m'oibrí sóisialta an leibhéal tacaíochta a bhí ag teastáil uaim




### 8. Bhí tuiscint shoiléir agam nuair a dúnadh mo chás ar an obair a bhí curtha i gcrích




Tá sé ríthábhachtach cloisteáil go díreach ó na daoine a úsáideann ár seirbhís chun tuiscint a fháil ar a bhfuil á dhéanamh go maith againn agus ar na réimsí is féidir linn feabhas a chur orthu. Léiríonn an t-aiseolas thíos eispéiris phearsanta daoine aonair a bhí páirteach i rianú trí ÚUÉ.

Leagann sé béim ar an tionchar dearfach a bhíonn ag tacaíocht chomhbhách, agus ag an am céanna, meabhraíonn sé dúinn an tábhacht a bhaineann le cumarsáid shoiléir agus le hionchais a bhainistiú i bpróiseas a bhíonn an-íogair go minic.

*'Ní gá trácht a dhéanamh i ndáiríre; ach ansin.' Is duine eisceachtúil é X; duine macánta agus creidiúint amach is amach do ÚUÉ. Níor spáráladh X aon iarracht agus rinne sé a dhícheall chun mo chás a réiteach; choinnigh sé i dteagmháil go rialta agus ar deireadh, d'fhreagair sé roinnt ceisteanna tábhachtacha (rúndiamhra) dom. Níl aon rud a d'athróinn faoina cur chuige; is duine an-chineálta, tuisceanach agus dícheallach í. Tá ardmheas agam uirthi agus tá an-lé agam léi'.*

- Úsáideoir Seirbhíse 1

> *'Sílim go gcaithfidh cumarsáid níos soiléire a bheith ann maidir leis na teorainneacha a bhaineann leis na tuismitheoirí breithe ón tús agus ba chóir go mbeadh sé seo soiléir.' Tugadh mothú bréagach dóchais dom agus creidim go raibh m'athair breithe fiosrach agus nach raibh s e de rún aige riamh dul níos faide le cúrsaí. Bhí sé beagáinín cruálach. Ní chuirim an milleán ar chor ar bith ar X, bhí sí iontach agus an-tuisceanach i leith mo cháis'.*
>
> - Úsáideoir Seirbhíse 2

### Idirghabháil maidir leis an gClár um Shainroghanna Teagmhála

D'fhoghlaim an tSeirbhís Oibre Sóisialta go leor in 2024 maidir leis an gClár um Shainroghanna Teagmhála. Tá treocht ann i gcónaí maidir le meaitseálacha idir daoine a chuaigh isteach sa chlár blianta óna chéile. Tá foireann na hoibre sóisialta fós ag déanamh obair shuntasach maidir le páirtithe a aimsiú agus tacú leo chun teagmháil a dhéanamh leo. Fuair an tSeirbhís Oibre Sóisialta 75 atreorú maidir le meaitseanna ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála in 2024 agus leithdháileadh 55 cás ar oibrí sóisialta in 2024.

### Rianú Oibre Sóisialta do Dhaoine Uchtaithe Idir Tíortha

Táimid ag leanúint lenár smaointeoireacht agus lenár bhfoghlaim a fhorbairt i ndáil le rianú in uchtáil idir tíortha. Tá na hiarrachtaí seo ar siúl i dtimpeallacht dhomhanda atá ag athrú go mear a bhaineann le huchtáil idir tíortha, rud a léirítear le laghdú ar líon na n-uchtálacha, dúnadh roinnt clár uchtála idir tíortha agus nochtadh cleachtais mhídhleathacha stairiúla.

I scáth na dtreochtaí seo atá go leor Údarás Lárnach ar fud na hEorpa, lena n-áirítear ÚUÉ, ag iarraidh seirbhísí a fhorbairt dóibh siúd a bhfuil tionchar ag uchtáil idir tíortha orthu.

In 2024, d'oibrigh ÚUÉ le 16 duine a uchtaíodh trí uchtáil idir tíortha a bhí ag iarraidh a dteaghlach tionscnaimh a rianú ina dtír bhreithe.

Is gné shuntasach dár gcuid oibre in 2024 na dúshláin a bhaineann le rianú uchtála idir tíortha.

Tugann AFBR 2022 ceart do dhaoine a rugadh lasmuigh d'Éirinn agus a uchtaíodh in Éirinn rianú a dhéanamh. Go teoiriciúil, tugann sé seo an ceart céanna do leanaí uchtaithe idir tíortha rianú a dhéanamh agus atá ag leanaí uchtaithe intíre.

Mar sin féin, i gcleachtas, baineann rianú idir tíortha le rianú trasteorann, i gcórais shóisialta agus dlí atá éagsúil lenár gcórais féin agus baineann sé le dul i ngleic le gairmithe agus le teaghlaigh nach bhféadfadh Béarla a labhairt. Tarlaíonn na dúshláin níos leithne seo taobh leis na heispéiris mhothúchánacha agus phraiticiúla a nglactar leo go forleathan i gcás daoine uchtaithe atá ag iarraidh rianú.

Aithnítear go forleathan go bhfuil gá le gairmí ar an dá thaobh agus le duine a bheith 'ar an láthair' sa tír seolta agus uchtáil idir tíortha á rianú. Táimid thar a bheith buíoch dár gcomhghleacaithe in Údarás Lárnach na Rómáine a bhfuil caidreamh oibre dearfach bunaithe againn leo. Tá gá le réimse samhlacha a fhorbairt i dtíortha seolta eile chun tacú le saoránaigh Éireannacha atá ag iarraidh rianú ina dtíortha breithe.

## Obair Shóisialta Gearr-Idirghabhála

Cuireann obair shóisialta gearr-idirghabhála tacaíocht spriocdhírithe ar fáil, agus í dírithe ar réitigh, do dhaoine aonair atá ag dul i ngleic le dúshláin láithreacha. Fréamhaithe i bprionsabail atá bunaithe ar láidreachtaí agus ar thráma, cothaíonn an cur chuige seo cumhachtú, athléimneacht agus luath-réiteach fadhbanna, rud a laghdaíonn an riosca go n-ardóidh géarchéim. Trí idirghabhálacha tráthúla, spriocdhírithe a sheachadadh, is féidir le hoibrithe sóisialta feabhas a chur ar neamhspleáchas agus folláine cliant agus athrú inbhuanaithe a chur chun cinn ag an am céanna.

In 2024, fuair an fhoireann oibre sóisialta 49 atreorú gearr-idirghabhála. Áirítear leis seo cuid de na cásanna seo a leanas:

- cliaint arna dtagairt ag aonad Taifead ÚUÉ agus iarratais ar fhaisnéis á bpróiseáil;
- cliaint ag fáil tacaíocht mhothúchánach mar gheall ar fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith íogair a taifeadadh sna comhaid;
- cliaint atá ag lorg soiléireachta maidir le conas cuid den fhaisnéis atá faighte acu a léirmhíniú;
- daoine atá ag lorg treorach maidir le conas freagairt do theagmháil ó ghaol.

## Athbhreithnithe ar an Obair Shóisialta

Is é an aidhm atá leis na measúnaithe athbhreithnithe i réimse na huchtála ná a chinntiú go ndéantar measúnú ar gach tuismitheoir ionchasach agus ar uchtálacha atá beartaithe faoi shamhail shoiléir atá bunaithe ar fhianaise. In 2024, rinne an Fhoireann Oibre Sóisialta athbhreithniú ar 255 comhad maidir le huchtáil bhaile agus 56 comhad maidir le huchtáil idir tíortha. Rinne gach ball den fhoireann oibre sóisialta na hathbhreithnithe sin mar aon lena bhfeidhmeanna reachtúla.

## Ag Cur leinár nEolas

### Oiliúint agus Oideachas

Is gné riachtanach í an fhorbairt ghairmiúil leanúnach i bhfás agus éifeachtacht na Seirbhíse Oibre Sóisialta. Coinníonn foghlaim leanúnach oibrithe sóisialta ar an eolas, géaraíonn sí a gcuid scileanna agus doimhníonn sí a dtuiscint. Cuireann sí inoiriúnaitheacht chun cinn chomh maith, rud a chuireann ar a gcumas freagairt go héifeachtach do riachtanais na gcliant agus nascleanúint a dhéanamh ar bheartais agus ar chleachtais atá ag athrú i gcónaí. Trí thús áite a thabhairt don oiliúint agus don oideachas, neartaigh ÚUÉ a thiomantas do bharrfheabhas i gcleachtas gairmiúil agus do cháilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do phobail a fheabhsú.

In 2024, chríochnaigh foireann na Seirbhíse Oibre Sóisialta oiliúint sna réimsí seo a leanas:

- Oiliúint idirghabhála dhá lá agus Ber Barry-Murray, Idirghabhálaí Ardleibhéil creidiúnaithe le hInstitiúid Idirghabhálaithe na hÉireann, i mbun éascaithe;
- Tuiscint ar – Theoiric agus Cleachtas Nairciséochta;
- Ag Obair le Doicheall;
- Imeachtaí oiliúna Chomhairle Oibrithe Sóisialta na hÉireann san Uchtáil (ICSWA).

Ar an 17 agus an 18 Aibreán 2024, d'fhreastail triúr ball foirne oibre sóisialta ar chomhdháil EurAdopt 2024 i gColáiste Fitzwilliam, Ollscoil Cambridge, an Ríocht Aontaithe, dar teideal 'The Generation Impact of Adoption'. Ar an 18–21 Lúnasa, d'fhreastail Príomhoibrí Sóisialta ÚUÉ ar Chomhdháil ISPCAN 2024 in Uppsala na Sualainne, dar teideal 'Working Together in Times of Crisis'.

### Socrúcháin Oibre Sóisialta

Feidhmíonn socrúcháin chleachtais oibre sóisialta mar dhroichead ríthábhachtach, ag nascadh foghlaim acadúil gan uaim le cur i bhfeidhm sa saol réadúil. Tugann siad deis do mhic léinn eolas teoiriciúil a aistriú ina scileanna praiticiúla, agus ag an am céanna, fás gairmiúil a chothú. Neartaíonn na socrúcháin seo comhoibriú idir institiúidí acadúla agus suíomhanna cleachtais freisin, rud a chothaíonn malartú dinimiciúil smaointe nuálacha agus dea-chleachtas atá bunaithe ar fhianaise. Ní hamháin go bhfeabhsaíonn an sineirgíocht seo an taithí foghlama do mhic léinn ach cuireann sí le forbairt leanúnach ghairm na hoibre sóisialta ina hiomláine chomh maith.

In 2024, chuir Seirbhís Oibre Sóisialta ÚUÉ socrúcháin ar fáil do mhic léinn oibre sóisialta. Táthar ag súil go dtairgfear socrúcháin oibre sóisialta mar chuid de ghnáthchleachtas na Seirbhíse Oibre Sóisialta anois. Tá sé fíor-luachmhar do ÚUÉ socrúcháin a chur ar fáil do mhic léinn mar go mbíonn bealaí nua, nuálacha acu chun tabhairt faoin obair agus chun an obair a thuiscint. Ina theannta sin, agus deis ag na mic léinn blaiseadh a fháil den obair shóisialta i réimse na huchtála, táthar ag súil oibrithe sóisialta nua a earcú amach anseo as measc na mac léinn.

*Coinníonn foghlaim leanúnach oibrithe sóisialta ar an eolas, géaraíonn sí a gcuid scileanna agus doimhníonn sí a dtuiscint. Cuireann sí inoiriúnaitheacht chun cinn chomh maith, rud a chuireann ar a gcumas freagairt go héifeachtach do riachtanais na gcliant agus nascleanúint a dhéanamh ar bheartais agus ar chleachtais atá ag athrú i gcónaí.*

# Taighde



## Forléargas

Faoin Acht Uchtála, 2010, áirítear le feidhmeanna ÚUÉ

- Tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí uchtála a ghabháil de láimh, nó cabhrú leis an gcéanna;
- Faisnéis staidrimh agus taifid eile a thiomsú maidir leis na seirbhísí uchtála sin a phleanáil, a fhorbairt agus a sholáthar go cuí.

Fochoiste de chuid Bhord ÚUÉ a cheapadh in 2016 chun féachaint ar conas is fearr is féidir an ceanglas dlíthiúil sin a chomhlíonadh. Faoi 2024, bhí Oifigeach Taighde agus Cúntóir Taighde ar an bhfoireann Taighde a bunaíodh sa ÚUÉ in 2019.

Bunaíodh Coiste Eitice Taighde ÚUÉ in 2020 chun maoirsiú a dhéanamh ar bhreithnithe eiticiúla i ndáil leis na mórstaidéir thaighde. Beirt chomhaltaí Boird de chuid ÚUÉ atá air agus comhairleoir seachtrach amháin ó RLMC. Tagann an Coiste Eitice Taighde le chéile de réir mar is gá, nuair a chuireann an Fhoireann Taighde dearadh staidéir ina láthair lena athbhreithniú agus lena fhaomhadh.

## Gníomhaíochtaí 2024

In 2024, ba é príomhchuspóir na foirne taighde foilsiú agus scaipeadh na tuarascála ''Reflections on the Irish Domestic Adoption Process 1952–2022', agus ina dhiaidh sin anailís chríochnaitheach agus an staidéar Taithí Saoil Uchtála Idir-Tíortha a scríobh.

Thug an fhoireann trí chur i láthair ó bhéal ag an Ochtú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Thaighde Uchtála (ICAR-8) i Minneapolis i mí Iúil 2024, agus cur i láthair amháin eile ag comhdháil Ghrúpa Iarchéime Chumann Síceolaíochta na hÉireann. Chomh maith leis sin, scaip an fhoireann torthaí an taighde go díreach chuig roinnt grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla i rith na bliana. Tar éis dúinn cur i láthair a dhéanamh ag an gcomhdháil i Minneapolis, tugadh cuireadh dúinn dhá pháipéar faoinár dtaighde a chur isteach lena mbreithniú in eagrán speisialta den iris atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, Adoption Quarterly. Cuireadh dhá staidéar taighde seachtracha amach ar thairiscint in 2024, agus déanfaidh an tOifigeach Taighde bainistíocht orthu seo.

Tháinig an Fochoiste Taighde le chéile ceithre huaire in 2024, agus thug an bheirt chomhaltaí den fhoireann Taighde tacaíocht do Chathaoirleach an fhochoiste. Bhí an tOifigeach Taighde ina chathaoirleach ar chruinniú de chuid Líonra Taighde Uchtála na hÉireann in 2023.

## Staidéir Thaighde Lárnacha

### Staidéar 'Reflections on the Irish Domestic Adoption Process 1952–2022'

Ba é príomhfhócas na Foirne Taighde in 2024 foilsiú, seoladh agus scaipeadh na tuarascála 'Reflections on the Irish Domestic Adoption Process 1952–2022', atá ar fáil anois ar shuíomh gréasáin ÚUÉ. Rinneadh agallaimh le roinnt gairmithe agus abhcóidí a bhí ag obair i réimse uchtála intíre na hÉireann ar feadh tréimhse fhada ama le linn na mblianta seo. I measc na bpríomhthorthaí ón tuarascáil bhí an cultúr rúndachta forleathan, leanúnach i dtaca le huchtáil intíre na hÉireann, cumhacht na faisnéise, agus cumas daoine aonair fíorathrú a chur i gcrích.

Rinneadh an tuarascáil a dhearadh agus a phriontáil go luath sa bhliain agus seoladh í i mí Iúil 2024 le himeacht i Músaem Litríochta na hÉireann. D'fhreastail breis is 60 aoi a fuair cuireadh ar an imeacht seo, ag déanamh ionadaíochta ar ghrúpaí páirtithe leasmhara éagsúla. Ag an imeacht, chuir an tOifigeach Taighde príomhthorthaí na tuarascála i láthair. Thug an Dr Roderic O'Gorman, Aire Leanaí, Míchunais agus Comhionannais aitheasc físe, agus ina dhiaidh sin, rinneadh plé pearsanta ar na torthaí ón mBreitheamh Onórach Geoffrey Shannon SC, Cathaoirleach ÚUÉ, Orlaith Traynor, Uas., agus Príomhfheidhmeannach ÚUÉ, an Dr Lorraine Horgan. Rinne roinnt asraonta meán tuairisciú ar an imeacht.

Seachtain tar éis an seolta tosaigh, chuir an fhoireann Taighde na torthaí i láthair go pearsanta do bhaill den phobal taighde domhanda ag an Ochtú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Thaighde Uchtála (ICAR-8), a tionóladh i Minneapolis, MN, i mí Iúil 2024. Spreag sé seo rannpháirtíocht agus plé úsáideach ar na torthaí ó pheirspictíocht idirnáisiúnta. Níos déanaí sa bhliain, chuir an fhoireann na torthaí i láthair go díreach do Chomhairle na hÉireann um Oibrithe Sóisialta san Uchtáil, do Bhainisteoirí Uchtáil Tusla, agus do Tusla Bhaile Átha Cliath Thuaidh, ina n-oifig i mBaile Átha Cliath 8. Spreag gach ceann de na seisiúin seo plé faoi chomparáid na dtorthaí le taithí reatha oibrithe sóisialta. Go déanach in 2024, glacadh an cinneadh inrochtaineacht na tuarascála a mhéadú trí thaifeadtaí fuaime de chaibidlí aonair a chruthú, a chuirfear ar fáil ar líne. Déanfar an obair sin a chur chun cinn in 2025.

### Staidéar – 'Lived Experience of Intercountry Adoption in Ireland'

Dearadh an staidéar 'Lived Experience of Intercountry Adoption in Ireland' chun bailiú sonraí ó thrí chohórt a áireamh: daoine fásta, déagóirí agus leanaí a uchtaíodh idir tíortha.

*Cohórt daoine fásta uchtaithe idir tíortha (18)*

Idir 2022 agus 2023, bhailigh an fhoireann taighde sonraí trí agallaimh faoi Thaithí Saoil Uchtáil Idir Tíortha in Éirinn ó 11 rannpháirtí fásta. Scríobhadh torthaí na n-agallamh i dtuarascáil mhionsonraithe i ráithe 3 agus 4 de 2024. Cuireadh na chéad torthaí i láthair go díreach d'Aonad um Beartas Uchtála na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, agus do thoscaireacht ar cuairt ó Roinn Stáit na Stát Aontaithe. Cheadaigh an Fochoiste Taighde an tuarascáil seo i mí na Nollag 2024 agus cuireadh chuig an mBord í ina dhiaidh sin lena ceadú lena foilsiú.

Forbraíodh suirbhé gearr do ghrúpa níos leithne de rannpháirtithe a uchtaíodh idir tíortha, bunaithe ar na torthaí luatha ó na hagallaimh. Fógraíodh é trí ghrúpaí páirtithe leasmhara agus teagmhálaithe tábhachtacha, agus tugadh cuireadh dóibh uile an nasc chuig an suirbhé a roinnt. Fuarthas freagraí ó thart ar 50 rannpháirtí fásta, a uchtaíodh gach duine acu go hÉirinn agus iad ina leanaí. Rinneadh anailís ar na torthaí seo in 2024. Cuireadh torthaí eatramhacha i láthair toscairí ag ICAR-8 agus glacadh go maith leo. Tá sé beartaithe an tuarascáil a fhoilsiú in 2025.

*Cohórt déagóirí (13–17 mbliana d'aois)*

Dearadh staidéar do dhéagóirí uchtaithe idir tíortha in 2023. Cuireadh an dearadh seo i láthair trí chur i láthair ó bhéal ag ICAR-8 in 2024, agus glacadh go han-mhaith leis, rud a spreag plé úsáideach le toscairí. Tá sé sceidealaithe go gcuirfidh an fhoireann taighde i bhfeidhm é in 2025.

*Cohórt Leanaí (0–12 mbliana d'aois)*

Tar éis próiseas tairisceana iomaíoch i Ráithe 2 de 2024, choimisiúnaigh ÚUÉ foireann taighde seachtrach chun staidéar a dhéanamh ar Thaithí Mhaireachtála Uchtáil Idir Tíortha do pháistí 0-12 bliana d'aois. Cuireadh tús leis an staidéar seo i Ráithe 4 agus beidh agallaimh le tuismitheoirí uchtaithe agus taighde bunaithe ar na healaíona le leanaí uchtaithe idir tíortha i gceist leis.

## Acmhainní Taighde

Tá rochtain ag gach duine den fhoireann agus gach comhalta Boird ar chatalóg ar líne na leabharlainne agus ar bhunachar na n-irisleabhar ag am ar bith.

Le linn 2024, lean an Fhoireann Taighde ar aghaidh ag leagan béim ar thaighde ábhartha uchtála a rinneadh in Éirinn agus i dtíortha eile le déanaí san eagraíocht féin trí bhileoga gearra a réiteach agus a scaipeadh ar fhoireann uile an Údaráis. Achoimre ar alt in irisleabhar, ar chur i láthair ag comhdháil, nó ar phodchraoladh nó físeán atá i ngach píosa léitheoireachta. Is é an cuspóir atá leis na bileoga sin ná a chinntiú go bhfuil eolas ag gach ball foirne faoi na forbairtí is déanaí i dtaighde uchtála agus go bhfuil siad ar an eolas faoi thaighde agus iad ag idirghníomhú le húsáideoirí seirbhísí. In 2024, roinneadh rogha de na Léamha Tapa seo leis an Aonad um Beartas Uchtála ag an RLMC.

## Comhdhálacha agus Líonrú

In 2024, d'fhreastail baill den fhoireann Taighde ar thrí chomhdháil: comhdháil Euradopt in Cambridge, dar teideal 'The Generational Impact of Adoption', Comhdháil Ghrúpa Céimithe Luatha Chumann Síceolaíochta na hÉireann agus ICAR-8, a tionóladh in Minneapolis i mí Iúil 2024. Tar éis próiseas iomaíoch aighneachtaí, tugadh cuireadh don fhoireann trí chur i láthair a thabhairt ag ICAR-8, a bhain leis an staidéar 'Reflections on the Irish Domestic Adoption Process 1952–2022', agus leis an staidéar 'Lived Experience of Intercountry Adoption in Ireland' faoi seach, do chohóirt daoine fásta agus déagóirí. Bhí na freastalaithe thar a bheith sásta leis na cur i láthair go léir. Le linn an turais chéanna, d'fhreastail an Cúntóir Taighde ar an bhfoireann ar an gcruinniú aon lae san institiúid taighde uchtála luathghairme, cruinniú a reáchtáladh in Minneapolis chomh maith.

Bhí an tOifigeach Taighde ina chathaoirleach ar dhá chruinniú de Líonra Taighde Uchtála na hÉireann (ARNI) in 2024, áit ar pléadh forbairtí nua i dtaighde uchtála domhanda agus Éireannach. Tá 19 duine ó réimse taighde uchtála na hÉireann i láthair ag ARNI anois.

## Cumarsáid Sheachtrach

I rith na bliana 2024, fuair an Fhoireann Taighde iarraidh ó am go chéile ó pháirtithe seachtracha a bhí ag lorg staitisticí nó faisnéis eile maidir le taighde uchtála. Nuair ab fhéidir agus nuair a bhí sé praiticiúil, rinne an fhoireann iarracht i gcónaí cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil do na páirtithe sin.

# Acmhainní Daonna agus Forbairt Foirne



## Forléargas

Déanann feidhm tiomnaithe Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne (ADFF) ÚUÉ maoirseacht ar phleanáil chomharbais, ar oiliúint agus ar fhorbairt foirne chun cur leis na scileanna agus leis an eolas corparáideach inár n-eagraíocht.

In 2024, chríochnaigh foireann ADFF roinnt beartas chun tacú le baill foirne agus iad i mbun a bhfeidhmeanna laethúla agus cothromaíocht a bhaint amach idir an obair agus an saol, lena n-áirítear an Prótacal maidir le Drochaimsir agus Imeachtaí Éigeandála, an Beartas maidir le Taithí Oibre do Dhaltaí san Idirbhliain agus an Beartas maidir le Foréigean Baile san Ionad Oibre. Déantar na beartais uile a dhréachtú i gcomhairle le comhpháirtithe ceardchumainn ÚUÉ a dhéanann ionadaíocht ar fhostaithe na seirbhíse poiblí.

I mí Dheireadh Fómhair, tairgeadh vacsaíniú fliú saor in aisce do gach ball foirne de chuid ÚUÉ i gcógaslann áitiúil.

Rinne an fhoireann athbheochan ar thacaíocht ar fud fhoirne ÚUÉ don Choiste Folláine agus d'fhorbair siad téarmaí tagartha mar ullmhúchán d'athsheoladh an choiste in 2025.

## Earcaíocht

Tar éis comórtais earcaíochta a tionóladh do na folúntais faoi seach faoi threoir RLMC agus an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, d'fhostaigh ÚUÉ Cartlannaí Grád II agus Cartlannaí Grád III agus baill nua do na foirne Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Taifead, Uchtála Intíre agus Uchtála Idir Tíortha.

D'éirigh ball foirne amháin ag leibhéal an Phríomhoide Cúnta as a phost chun post a ghlacadh i gcomhlacht seirbhíse poiblí eile, agus fógraíodh an folúntas in ÚUÉ mar chomórtas dúnta.

## Pinsean/Scor

Is baill de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPASP) iad formhór de bhaill ÚUÉ. Soláthraíodh Ráitis Sochair Bhliantúla do gach ball den Scéim sin mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht. Chomhlíon ÚUÉ a oibleagáid dhlíthiúil sonraí tréimhsiúla a chur isteach do gach ball de SPSPS don bhliain 2023 chuig Banc Sonraí SPASP, laistigh den tréimhse ama a sholáthair Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

## Am agus Tinreamh

Lean foireann ADFF de bheith i dteagmháil le soláthraí córas bainistíochta ama ÚUÉ thar ceann na foirne chun aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna feidhmiúla.

## Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil

Thacaigh an fhoireann ADFF le rannpháirtíocht na foirne i réimse cúrsaí agus seimineár oiliúna agus uasoiliúna, go leor acu a reáchtáladh go cianda. Chomh maith leis sin, d'éascaigh an fhoireann AD oiliúint ar an láthair, dírithe ar na leibhéil chuí de MS Office do gach ball foirne. Le seoladh beartas nua maidir le Foréigean Baile, críochnaíodh oiliúint foirne i gcomhar le Cúnamh do Mhná.

Tá beirt bhall foirne oilte ina nOifigigh Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas (OIM).

## Clár Cúnaimh Fostaithe

Leanann ÚUÉ ar aghaidh ag cur chun cinn seirbhísí faoinár gClár Cúnaimh d'Fhostaithe tiomnaithe atá ar fáil do gach ball foirne de réir mar is gá. Tá rochtain ag gach fostaí ar líne theileafóin thacaíochta 24-uair an chloig, measúnú bainistíochta cásanna agus suas le sé sheisiún comhairleoireachta rúnda a mhaireann uair an chloig saor in aisce.

*Déanann feidhm tiomnaithe Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne (ADFF) ÚUÉ maoirseacht ar phleanáil chomharbais, ar oiliúint agus ar fhorbairt foirne chun cur leis na scileanna agus leis an eolas corparáideach inár n-eagraíocht.*

# Seirbhísí Corparáideacha agus Creidiúnú



## Suíomh Gréasáin agus Cumarsáid

In 2024, thug ÚUÉ faoi thionscadal mór chun suíomh gréasáin nuachóirithe a fhorbairt, lena n-áirítear a dhá shuíomh gréasáin atá ann cheana féin (www.aai.gov.ie agus www.birthinfo.ie) a chomhcheangal mar aon ardán sruthlínithe amháin. Leanann an tionscadal ar aghaidh go dtí 2025 agus tá sé mar aidhm aige feabhas a chur ar thaithí an úsáideora, inrochtaineacht a fheabhsú agus foinse níos cuimsithí faisnéise agus seirbhísí a sholáthar. Léiríonn an athfhorbairt seo tiomantas ÚUÉ seirbhísí digiteacha éifeachtacha agus furasta le húsáid a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse.

## Preas/Na Meáin


I rith na bliana, d'fhreagair ÚUÉ, trína soláthraí seirbhísí gnóthaí poiblí agus cumarsáide, fiosrúcháin ó na meáin ar ábhair éagsúla, lena n-áirítear staitisticí AFBR 2022, an CST iarratais a rianú ón Ríocht Aontaithe, comhdhéanamh agus luach saothair Bhord ÚUÉ, an tuarascáil taighde 'Machnaimh' agus cláir uchtála idir tíortha na hÉireann.


D'eisíomar preasráitis chomh maith chun aird a tharraingt ar oscailt an chomhairliúcháin ar líne ar chéad straitéis eile ÚUÉ agus chun an tuarascáil 'Machnaimh' a sheoladh, agus tharraing an dá cheann spéis sna meáin.

Ag deireadh 2024, thaifead Príomhfheidhmeannach ÚUÉ agallamh le Clare FM faoi ról ÚUÉ agus rianú, mar chuid de chlár faisnéise raidió atá sceidealaithe le craoladh i lár 2025.

Fuair ÚUÉ seirbhís nua monatóireachta meán in 2024 chun coinneáil suas chun dáta le forbairtí i gcúrsaí a bhaineann le huchtáil a tuairiscíodh sna meáin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.


Irish Examiner
NEWS SPORT LIFESTYLE OPINION
IN FOCUS: Leaving Cert US Elections Israel-Gaza War
HOMEPAGE / NEWS
Regulator launches survey to improve adoption standards
The independent body is now looking for feedback from adoptees in Ireland, as well as birth parents and adoptive parents, on the work they do as part of a new strategic plan.
WED, 03 JUL, 2024 - 13:06
ALISON O'REILLY
The Adoption Authority of Ireland (AAI) has launched its first ever survey appealing for feedback from adoptees, parents, and adoptive parents.


Dublin People
Adoption Authority of Ireland seeks input from people in Dublin City and County
Padraig Conlon 2 months ago
The Adoption Authority of Ireland (AAI) has announced the commencement of a public consultation process to inform the development of their new strategic plan to cover the period 2025–2027.



radiokerry.ie
NEWS
Kerry people urged to take part in Adoption Authority of Ireland public consultation
JUL 9, 2024 07:55
BY RADIOKERRYNEWS

Share this article
The Adoption Authority of Ireland (AAI) are seeking submissions from Kerry people on its strategic plan.


irishpost.com
Irish Post
TRENDING: MEDITERRANEAN SICILY IRISH PASSPORTS

NEWS
People affected by adoption in Ireland urged to have their say
BY: Fiona Audley
July 02, 2024


THE IRISH TIMES
Social Affairs
Surge in applications to adoption authority for birth information and to trace relatives
Authority says it processed more than 3,500 applications for birth information last year
Under the Act anyone who was adopted, boarded out, nursed out or the subject of an illegal birth registration, or resided in a mother and baby home or county home institution as a child, can apply for access to their birth certificates. Photograph: Bryan O'Brien
Kitty Holland Social Affairs Correspondent


MENU RTÉ
NEWS IRELAND World Business Sport Nuacht Programmes RTÉ Investigates
Surge in applications to adoption authority in 2023
Updated / Monday, 26 Aug 2024 14:48
In 2023, there were 1,641 applications from people for the release of their information
By Ailbhe Conneely
Social Affairs & Religion Correspondent
There was a surge of applications to the Adoption Authority of Ireland in 2023 - the first full year that the Birth Information and Tracing Act (BITA) was operational.


IrishCentral
Adoption report details "culture of secrecy" in Irish adoption history
IrishCentral Staff | July 14, 2024 - 08:20 AM
Pictured at launch of The Adoption Authority of Ireland's research report entitled "Reflections on the Irish Domestic Adoption Process 1952-2022" at an event in the Museum of Literature Ireland (MoLI), Dublin were (l-r) former AAI Chair Judge Geoffrey Shannon S.C., author of the report Dr Judy Lovett, AAI Chair Orlaith Traynor, AAI Board Member Dr Helen Buckley, and Dr Lorraine Horgan, CEO of the AAI.Adoption Authority of Ireland
The Adoption Authority of Ireland (AAI) has released a report offering an in-depth study of the Irish domestic adoption process over the course of 70 years.
The AAI's "Reflections on the Irish Domestic Adoption Process 1952-2022" was launched at the Museum of Literature in Dublin on Wednesday, July 10, and features interviews with 14 different volunteers and professionals involved in adoption.


Irish Examiner
NEWS SPORT LIFESTYLE OPINION
IN FOCUS: Leaving Cert US Elections Israel-Gaza War
HOMEPAGE / NEWS
Unmarried Irish mothers in UK 'relieved baby was getting a good home' — adoption report
'Few, if any of the long birth certificates had fathers' names on them — it was generally just the mother's name.'
FRI, 05 JUL, 2024 - 14:45
ALISON O'REILLY

### Ceisteanna Parlaiminte

San iomlán, fuair ÚUÉ 13 Cheist Pharlaiminte agus freagraíodh iad in 2024.

## Bainistíocht Fuinnimh agus Gníomhú ar son na hAeráide

I mí Feabhra 2024, fuair ÚUÉ seirbhísí iniúchóra fuinnimh creidiúnaithe ag an Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun a chéad iniúchadh fuinnimh a dhéanamh. Shainaithin an t-iniúchadh fuinnimh cuspóirí agus tionscadail chun tacú leis an gclár oibre inbhuanaitheachta do threochlár 2024 agus ina dhiaidh sin.

Ceann de na moltaí a rinneadh san iniúchadh ná go mbunófaí Foireann Ghlas. I mí na Bealtaine 2024, bhunaigh ÚUÉ a chéad Fhoireann Ghlas, ina bhfuil ionadaithe deonacha ó rannóga éagsúla den eagraíocht. Feidhmíonn na hionadaithe mar ambasadóirí gníomhaíochta aeráide agus é mar aidhm acu an fhoireann a chur ar an eolas agus a oiliúint maidir lena hoibleagáidí gníomhaíochta aeráide.

I mí na Nollag 2024, cheadaigh an Bord Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024, an dara treochlár den sórt sin ón eagraíocht. Tá ÚUÉ tiomanta dá spriocanna maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú 51% faoi 2030.

D'aithin ÚUÉ comhoibriú mar phríomhthéama don dara heagrán dár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide agus tá sé tiomanta do rannpháirtíocht agus tuiscint ar ghníomhú ar son na haeráide agus bainistíocht fuinnimh a neartú ar fud na heagraíochta.

## Bainistíocht Saoráidí

Tar éis athchumrú spás oifige an tríú hurláir de chuid ÚUÉ in 2023, críochnaíodh oibreacha breise in 2024. Rinneadh athchóiriú ar thrí sheomra stórála ina seomraí cruinnithe breise, rud a fheabhsaigh cumas na hoifige le haghaidh comhoibriú foirne agus a d'fhág go raibh bealach ann do dhá oifig nua bainistíochta sinsearaí ar an tríú hurlár, chomh maith le seomra fáiltithe nua ar an gceathrú hurlár.

Críochnaíodh athmhúnlú fairsing ar dhallóga fuinneoige na hoifige, rud a fheabhsaigh feidhmiúlacht agus aeistéitic araon ar fud an spáis oibre. Áiríodh leis an uasghrádú dallóga rollála teirmeacha nua-aimseartha a shuiteáil atá deartha chun rialú solais nádúrtha, éifeachtúlacht fuinnimh agus compord foriomlán na foirne a fheabhsú. Tá an t-athchóiriú seo mar chuid den tiomantas leanúnach chun timpeallacht oibre níos táirgiúla agus níos compordaí a chruthú.

Leanfaidh ÚUÉ ar aghaidh ag athrú leagan amach na hoifige agus ag cur feabhas air in 2025.

## Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair

Tá ÚUÉ tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chinntiú dá chuid fostaithe, conraitheoirí, cuairteoirí agus daoine eile, a bhíonn ag obair san oifig nó a thugann cuairt uirthi. Faoin Acht Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa ag an Obair, 2005 leagtar béim mhór ar an ngá atá le teagasc, faisnéis agus oiliúint a sholáthar d'fhostaithe mar is gá chun féachaint chuige go mbeidh siad slán sábháilte agus iad i mbun a ngníomhaíochtaí oibre.

Chun tacú leis an bhfoireann dualgais a chomhlíonadh ar bhealach sábháilte agus eolach, chuaigh foireann ÚUÉ faoi oiliúint sna réimsí seo a 2024:

| | |
|---|---|
| **Láimhsiú sábháilte** | 16 |
| **Maor Dóiteáin** | 0 |
| **Garchabhair** | 0 |
| **Measúnóir Riosca maidir le Scáileán Taispeána** | 55 (lena n-áirítear measúnú ar Obair ón mbaile) |
| **Deimhniú sa tSláinte, sa tSábháilteacht agus sa Leas ag an Obair** | 0 |
| **Ionadaí Sábháilteachta** | 0 |

Lean ÚUÉ ar aghaidh ag tacú le socruithe sábháilte oibre cumaisc don fhoireann ar fad trí chomhpháirtí Sláinte agus Sábháilteachta seachtrach a fhostú lena dhearbhú go raibh cianstáisiúin oibre oiriúnach agus chun comhairle a thabhairt maidir le gníomhartha oiriúnacha nuair a aithníodh bearnaí. Déantar athbhreithniú ar oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta i rith na bliana, agus sceidealaítear oiliúint de réir mar is gá chun comhlíonadh leanúnach a chinntiú.

## Comhlachtaí Creidiúnaithe

### Cigireacht ar Chomhlachtaí Creidiúnaithe

Rinne ÚUÉ cigireacht ar an gcomhlacht creidiúnaithe HHAMA i gcomhréir le hAlt 133 den Acht Uchtála 2010 agus I.R. 154 den (an tAcht Uchtála 2010) (Comhlachtaí Creidiúnaithe) Rialacháin 2010).

Fuair an chigireacht amach go raibh HHAMA ag cloí go hiomlán leis na ceanglais a leagtar amach in Acht agus Rialacháin 2010. D'fhormheas Bord ÚUÉ an Tuarascáil Cigireachta i Meán Fómhair 2024.

## Clár na gComhlachtaí Creidiúnaithe

Coinníonn ÚUÉ 'Clár Comhlachtaí Creidiúnaithe', mar a leagtar amach sa reachtaíocht.[4 5] Is é cúig bliana an tréimhse chláraithe thosaigh , agus ní rachaidh tréimhse athnuachana thar thrí bliana. In 2023, ní bhfuarthas aon iarratas nua, agus níor próiseáladh athnuachan ar bith.

Bhí trí chomhlacht creidiúnaithe cláraithe faoi - dheireadh na bliana 2024.

**Tábla 5:** Clár na gComhlachtaí Creidiúnaithe 2024

| Comhlacht Creidiúnaithe | Dáta an chreidiúnaithe |
|---|---|
| **PACT**<br>18D Páirc Oifigí<br>an Gharráin Chnó<br>Ráth Fearnáin<br>Baile Átha Cliath 14 | Athchreidiúnaithe an 22 Meitheamh 2022 |
| **Seirbhís Iar-Uchtála Barnardos**<br>23/24 Sráid Buckingham<br>Baile Átha Cliath 1 | Athchreidiúnaithe an 07 Meán Fómhair 2022 |
| **Helping Hands Adoption Facilitation Agency, ag trádáil mar Helping Hands Adoption Mediation Agency**<br>The Loft, Ionad Bessboro<br>Bóthar na Carraige<br>Duibhe, Corcaigh<br>Corcaigh | Athchreidiúnaithe an 07 Márta 2023 |

### *Nósanna Imeachta Creidiúnaithe*

I gcomhréir leis na ceanglais reachtúla, bhí Údarás Uchtála na hÉireann i dteagmháil ghníomhach leis na comhlachtaí creidiúnaithe go léir i rith na bliana 2024. Chuir an lucht feidhmiúcháin tuarascáil mhíosúil faoi bhráid Bhord ÚUÉ inar sonraíodh an ghníomhaíocht agus an rannpháirtíocht leis na comhlachtaí creidiúnaithe.

Ceanglaítear ar chomhlachtaí creidiúnaithe tuarascálacha maidir le gníomhaíocht a chur isteach dhá uair sa bhliain. In 2024, chuir gach comhlacht iomchuí dhá thuarascáil isteach, ceann gach sé mhí. Rinne an lucht feidhmiúcháin achoimre ar gach tuarascáil agus cuireadh faoi bhráid Bhord ÚUÉ iad. Chuir na comhlachtaí creidiúnaithe iomchuí isteach cuntais iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 freisin.

### *Stopadh ar Chomhlachtaí Creidiúnaithe*

Ní dhearnadh aon chomhlacht creidiúnaithe a dhíchlárú go foirmiúil in 2024.

*Chuir an lucht feidhmiúcháin tuarascáil mhíosúil faoi bhráid Bhord ÚUÉ inar sonraíodh an ghníomhaíocht agus an rannpháirtíocht leis na comhlachtaí creidiúnaithe.*

[4] *Faoi Alt 126–135 den Acht Uchtála, 2010 agus faoi I.R. Uimh. 524 de 2010, na Rialacháin um an Acht Uchtála, 2010 (Comhlachtaí Creidiúnaithe), 2010, foráiltear go gcoinneoidh ÚUÉ Clár Comhlachtaí Creidiúnaithe.*

[5] *De réir Alt 128 den Acht Uchtála, 2010.*

# Staitisticí



## Staitisticí Uchtála Baile

**Tábla 6:** Staitisticí maidir le hUchtáil Bhaile 1953–2024

| Bliain | Líon na nUchtálacha |
|---|---|
| 1953 | 381 |
| 1954 | 888 |
| 1955 | 786 |
| 1956 | 565 |
| 1957 | 752 |
| 1958 | 592 |
| 1959 | 501 |
| 1960 | 505 |
| 1961 | 547 |
| 1962 | 699 |
| 1963 | 840 |
| 1964 | 1,003 |
| 1965 | 1,049 |
| 1966 | 1,178 |
| 1967 | 1,493 |
| 1968 | 1,343 |
| 1969 | 1,225 |
| 1970 | 1,414 |
| 1971 | 1,305 |
| 1972 | 1,291 |
| 1973 | 1,402 |
| 1974 | 1,415 |
| 1975 | 1,443 |
| 1976 | 1,104 |
| 1977 | 1,127 |
| 1978 | 1,223 |
| 1979 | 988 |
| 1980 | 1,115 |
| 1981 | 1,191 |
| 1982 | 1,191 |
| 1983 | 1,184 |
| 1984 | 1,195 |
| 1985 | 882 |
| 1986 | 800 |
| 1987 | 715 |
| 1988 | 649 |
| 1989 | 615 |
| 1990 | 648 |
| 1991 | 590 |
| 1992 | 523 |
| 1993 | 500 |
| 1994 | 424 |
| 1995 | 490 |
| 1996 | 405 |
| 1997 | 422 |
| 1998 | 400 |
| 1999 | 317 |
| 2000 | 303 |
| 2001 | 293 |
| 2002 | 266 |
| 2003 | 263 |
| 2004 | 273 |
| 2005 | 253 |
| 2006 | 222 |
| 2007 | 187 |
| 2008 | 200 |
| 2009 | 190 |
| 2010 | 189 |
| 2011 | 39 |
| 2012 | 49 |
| 2013 | 116 |
| 2014 | 112 |
| 2015 | 94 |
| 2016 | 95 |
| 2017 | 72 |
| 2018 | 72 |
| 2019 | 79 |
| 2020 | 81 |
| 2021 | 101 |
| 2022 | 102 |
| 2023 | 90 |
| 2024 | 131 |
| **Total** | **45,187** |

**Tábla 7:** Uchtálacha Baile de réir cineáil 2020–2024

| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| Leas-tuismitheoir | 58 | 65 | 60 | 47 | 71 |
| Cúram Altrama Fadtéarmach | 16 | 24 | 31 | 30 | 45 |
| Naíonán | 5 | 2 | 9 | 8 | 5 |
| Coigríche go Baile | 0 | 5 | 0 | 0 | 0 |
| Duine den Mhór-Theaghlach | 2 | 5 | 2 | 5 | 10 |
| **Iomlán** | **81** | **101** | **102** | **90** | **131** |

**Tábla 8:** Uchtálacha Baile de réir Aois an Linbh 2020–2024

| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| 17 mbliana d'aois | 40 | 36 | 36 | 37 | 47 |
| 12–16 bliana d'aois | 23 | 45 | 33 | 27 | 49 |
| 7–11 bliana d'aois | 13 | 16 | 23 | 16 | 23 |
| 2–6 bliana d'aois | 3 | 7 | 8 | 4 | 9 |
| 0–1 bliana d'aois | 2 | 1 | 2 | 6 | 3 |
| **Iomlán** | **81** | **101** | **102** | **90** | **131** |

**Tábla 9:** Orduithe Ard-Chúirte a Deonaíodh i leith Iarratais ar Uchtáil Bhaile 2020–2024

| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| Alt 18 | 3 | 2 | 1 | 1 | 4 |
| Alt 26 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| Alt 30 | 15 | 19 | 24 | 18 | 20 |
| Alt 54 | 11 | 14 | 18 | 12 | 21 |
| **Iomlán** | **29** | **35** | **43** | **31** | **47** |

## Staitisticí Uchtála Idir Tíortha

**Tábla 10:** Iontrálacha i gClár na nUchtálacha Coigríche, 1991–2010, arna n-iontráil de bhun Alt 5 den Acht Uchtála, 1991 agus i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, 2010–2024 de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála, 2010 (Iarrthóirí ar a bhfuil cónaí rialta in Éirinn agus a raibh Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí acu tráth na huchtála idir tíortha).

| Tír | Líon na nIontrálacha* |
|---|---|
| An Rúis | 1,631 |
| Vítneam | 954 |
| An Rómáin | 808 |
| An tSín | 432 |
| An Aetóip | 308 |
| An Chasacstáin | 151 |
| An Bhealarúis | 145 |
| An Téalainn | 146 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 129 |
| Meicsiceo | 113 |
| An Úcráin | 100 |
| An Bhulgáir | 32 |
| An India | 27 |
| An Téaváin | 22 |
| An Cholóim | 19 |
| Sasana | 19 |
| An Bhrasaíl | 17 |
| Paragua | 7 |
| An Chambóid | 4 |
| Na hOileáin Filipíneacha | 4 |

| Tír | Líon na nIontrálacha* |
|---|---|
| An Afraic Theas | 2 |
| An tSalvadóir | 2 |
| Geirsí | 2 |
| An Chéinia | 2 |
| An Liotuáin | 2 |
| Peiriú | 2 |
| An Pholainn | 3 |
| Ruanda | 2 |
| Albain | 2 |
| Srí Lanca | 2 |
| An Úisbéiceastáin | 2 |
| An Bholaiv | 1 |
| An Bhoisnia Heirseagaivéin | 1 |
| Háítí | 2 |
| Hong Cong | 1 |
| An Mhaláiv | 1 |
| An tSiombáib | 1 |
| An Mholdóiv | 1 |
| **Iomlán** | **5,099** |

*Tá ar ár gcumas tuairisciú níos cruinne a dhéanamh ar fhigiúirí mar gheall gur cuireadh bunachar sonraí nua i bhfeidhm. Tá roinnt staitisticí a foilsíodh sna blianta roimhe seo coigeartaithe dá réir.

**Tábla 11:** Iontrálacha i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála, 2010, i leith 2024 amháin (iarrthóirí ar a bhfuil cónaí rialta in Éirinn agus a raibh Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí acu tráth na huchtála idir tíortha).

| Tír | Líon a iontráladh sa Chlár in 2024 |
|---|---|
| Vítneam | 9 |
| An Téalainn | 6 |
| SAM | 2 |
| **Iomlán** | **17** |

**Tábla 12:** Líon iomlán na n-uchtálacha idir tíortha a aithníodh in 2024, arna ndéanamh ag uchtaitheoirí ar a raibh cónaí rialta thar lear (Alt 57(2)(a) agus Alt 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála, 2010).

| An tír ina ndearnadh an uchtáil | Líon a iontráladh sa Chlár in 2024 |
|---|---|
| An Astráil | 2 |
| Ceanada | 4 |
| An tSín | 15 |
| Sasana | 66 |
| An Aetóip | 2 |
| Guatamala | 6 |
| Háítí | 1 |
| Hong Cong | 5 |
| An India | 2 |
| An Iodáil | 1 |
| An Mhalaeisia | 3 |
| An Ísiltír | 2 |
| Tuaisceart Éireann | 11 |
| Nua-Ghuine Phapua | 1 |
| Na hOileáin Fhilipíneacha | 1 |
| An Rúis | 13 |
| Albain | 8 |
| Siarra Leon | 2 |
| An Afraic Theas | 8 |
| An Téalainn | 2 |
| An Tuirc | 1 |
| Uganda | 1 |
| An Úcráin | 1 |
| SAM | 31 |
| An Bhreatain Bheag | 2 |
| **Iomlán** | **191** |

**Tábla 13:** Líon iomlán na n-uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir 2014 agus 2024,* ina raibh cónaí rialta ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí acu tráth na huchtála (Alt 5 den Acht Uchtála, 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála, 2010).

| Tír | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Bhulgáir | 4 | 8 | 4 | 8 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Chambóid | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An tSín | 0 | 15 | 7 | 10 | 4 | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Sasana | 2 | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| An Aetóip | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Háítí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| An India | 3 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 2 | 0 |
| An Liotuáin | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Meicsiceo | 5 | 11 | 0 | 1 | 0 | 0 | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Peiriú | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Pholainn | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| An Rúis | 4 | 2 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Téalainn | 6 | 1 | 4 | 2 | 8 | 0 | 4 | 2 | 3 | 2 | 6 |
| SAM | 4 | 6 | 12 | 9 | 7 | 10 | 1 | 4 | 2 | 7 | 2 |
| Vítneam | 4 | 32 | 23 | 22 | 20 | 18 | 9 | 8 | 13 | 12 | 9 |
| An Mholdóiv | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **32** | **83** | **55** | **53** | **41** | **33** | **21** | **16** | **18** | **25** | **17** |

*Tá ar ár gcumas tuairisciú níos cruinne a dhéanamh ar fhigiúirí mar gheall gur cuireadh bunachar sonraí nua i bhfeidhm. Tá roinnt staitisticí a foilsíodh sna blianta roimhe seo coigeartaithe dá réir.

**Tábla 14:** Líon iomlán na n-uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir 1991 agus 2024 (Gach Alt).


| Bliain | Líon a Aithníodh* |
|---|---|
| 1991 | 58 |
| 1992 | 305 |
| 1993 | 59 |
| 1994 | 64 |
| 1995 | 93 |
| 1996 | 117 |
| 1997 | 149 |
| 1998 | 260 |
| 1999 | 284 |
| 2000 | 324 |
| 2001 | 284 |
| 2002 | 439 |
| 2003 | 460 |
| 2004 | 484 |
| 2005 | 443 |
| 2006 | 409 |
| 2007 | 439 |
| 2008 | 488 |
| 2009 | 395 |
| 2010 | 290 |
| 2011 | 342 |
| 2012 | 242 |
| 2013 | 141 |
| 2014 | 106 |
| 2015 | 160 |
| 2016 | 214 |
| 2017 | 324 |
| 2018 | 313 |
| 2019 | 386 |
| 2020 | 184 |
| 2021 | 136 |
| 2022 | 170 |
| 2023 | 209 |
| 2024 | 208 |
| **Iomlán** | **8,979** |

## Staitisticí Rianaithe Oibre Sóisialta

### Rinneadh 201 rianú san iomlán in 2024.

Céatadán na Rianaithe Iomlán de réir Ráithe

- R1 (n=35)
- R2 (n=65)
- R3 (n=45)
- R4 (n=56)





*Is meastacháin iad na céatadáin agus rinneadh iad a shlánú suas agus síos nuair is cuí.

### Cé a rinne iarratas ar rianú?


Miondealú Céatadánach na nIarratasóirí

- Duine Uchtaithe (n=191)
- Máthair Bhreithe (n=5)
- Athair Breithe (n=2)
- Gaol Breithe (n=2)
- Eile (n=1)



### Meánaois na nIarratasóirí


Is é meánaois iomlán na n-iarratasóirí ná 54.




*Eile fágtha as an áireamh mar gheall ar an sampla beag.

### Meánaois na ndaoine a rianaíodh

Is é 71 meánaois iomlán na ndaoine a rianaíodh.





* 31 cás ní fios aois an duine a rianaíodh.

** Eile fágtha as an áireamh mar gheall ar aois anaithnid

### Cé a bhí á lorg ag na hiarratasóirí?


Miondealú Céatadánach ar na Daoine a Rianaíodh

- Máthair Bhreithe (n=103)
- Athair Breithe (n=56)
- Gaol Breithe (n=19)
- Siblín Uchtaithe (n=11)
- Eile (n=3)
- Duine Uchtaithe (n=9)





*Is meastacháin iad na céatadáin agus rinneadh iad a shlánú suas agus síos nuair is cuí

## Forbhreathnú ar na Torthaí Iomlána





## Cé mhéad iarratasóir a raibh Teacht le Chéile acu leis an duine a rianaíodh?

Miondealú Céatadánach ar gach Teacht le Chéile





## Ar tharla an Teacht le Chéile ar an láthair nó lasmuigh den láthair?

Miondealú Céatadánach ar Láthair an Teacht le Chéile



## Miondealú Céatadánach ar Thorthaí nuair nár tharla Teacht le Chéile

- Dúnta - Níor gníomhaíodh rianú/tarraingíodh siar é (n=55)
- Níorbh fhéidir duine a aimsiú (n=10)
- Gan freagra (n=24)
- Teagmháil Diúltaithe (n=25)
- Éagtha - Dúnta (n=10)
- Éagtha - Teagmháil le gaolta eile (n=10)
- Tacaíocht/ Seirbhís Idirghabhála - Dúnta roimh Theacht le Chéile (n=13)
- Eile (n=3)
- Gan rianú - Ainm tarraingthe siar (n=5)
- Gan rianú - Gan dóthain faisnéise (n=11)





*Is miondealú é an chairt seo ar na 166 cás (83% den sampla iomlán) nuair nár tharla aon Teacht le Chéile.

## Ag Leathnú ar an Toradh: Éagtha - Teagmháil le gaolta eile


I 10 gcás ba é an toradh ná 'Éagtha - Teagmháil le gaolta eile'. I ngach cás chuaigh an t-iarratasóir ar aghaidh chun teagmháil a dhéanamh le gaolta breithe (GB).

Miondealú Céatadánach ar Thorthaí: Éagtha - Teagmháil le gaolta eile

- Teacht le Chéile
- Teagmháil Dhíreach
- Malartú eolais trí Oibrí Sóisialta (OS)



## Torthaí an Rianaithe i gcás Máthar Breithe





*Is meastacháin iad na céatadáin agus rinneadh iad a shlánú suas agus síos nuair is cuí.


## Nuair a aimsíodh Máthair Bhreithe, ar tharla Teacht le Chéile?

Teacht le Chéile i gcás Máthar Breithe


- Gan Teacht le Chéile (n=90)
- Teacht le Chéile (n=13)



### Miondealú Céatadánach ar Thorthaí i gcás Máthar Breithe, nuair nár tharla Teacht le Chéile





### Torthaí an Rianaithe i gcás Athar Breithe




### Nuair a aimsíodh Athair Breithe, ar tharla Teacht le Chéile?


Teacht le Chéile i gcás Athar Breithe




### Miondealú Céatadánach ar Thorthaí i gcás Athar Breithe, nuair nár tharla Teacht le Chéile




## Torthaí an Rianaithe i gcás Gaol Breithe





## Nuair a aimsíodh Gaol Breithe, ar tharla Teacht le Chéile?


Teacht le Chéile i gcás Gaol Breithe



## Miondealú Céatadánach ar Thorthaí i gcás Gaol Breithe, nuair nár tharla Teacht le Chéile





## Torthaí an Rianaithe i gcás Duine Uchtaithe




### Nuair a aimsíodh Duine Uchtaithe ar tharla Teacht le Chéile?


Teacht le Chéile i gcás Daoine Uchtaithe




### Miondealú Céatadánach ar Thorthaí i gcás Daoine Uchtaithe, nuair nár tharla Teacht le Chéile




## Torthaí an Rianaithe i gcás Deartháir nó Deirfiúr Uchtaithe





## Nuair a aimsíodh Deartháir nó Deirfiúr Uchtaithe, ar tharla Teacht le Chéile?

Teacht le Chéile i gcás Deartháir nó Deirfiúr Uchtaithe




## Miondealú Céatadánach ar Thorthaí i gcás Deartháir nó Deirfiúr Uchtaithe, nuair nár tharla Teacht le Chéile



# Eolas Eile



## Suíomhanna gréasáin

- www.aai.gov.ie
- www.birthinfo.ie

## Aturnaetha

- **Mason Hayes Curran LLP**
  Teach an Phoirt Theas,
  Sráid na Bearú,
  Baile Átha Cliath 4
- **Matheson LLP**
  Cé Sir John Rogerson,
  Baile Átha Cliath 2

## Iniúchóirí

- **Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
  Foirgneamh an Státchiste,
  An Clós Íochtarach,
  Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2
- **(Iniúchóireacht Inmheánach) ASM**
  20 Sráid Rosemary,
  Béal Feirste BT1 1QD

## Aguisín A

Achoimre ar chruinnithe uile an Bhoird in 2024 agus ar an tinreamh.

| Dátaí Chruinnithe 2024 | Cineál Cruinnithe | Lucht Freastail de chuid Bhord an Údaráis |
|---|---|---|
| 09 Eanáir | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 23 Eanáir | Orduithe | S. O'Brien, P. Harrison, An tOll. S. Greene |
| 13 Feabhra | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 05 Márta | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 19 Márta | Orduithe | S. O'Brien, an Dr H. Buckley, an Dr M. Anglim, an tOll. S. Greene, P. Harrison, an Breitheamh P. McMahon |
| 16 Aibreán | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 30 Aibreán | Orduithe | O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison, an tOll. S. Greene |
| 14 Bealtaine | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 28 Bealtaine | Orduithe agus Rialachas | O. Traynor, an Dr H. Buckley, an Dr M. Anglim (pm) |
| 11 Meith | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 18 Meith | Straitéis (Rialachas) | Na comhaltaí uile |
| 09 Iúil | Iomlán | O. Traynor, P. Harrison, an Dr H. Buckley, an Breitheamh P. McMahon, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 23 Iúil | Orduithe | S. O'Brien, P. Harrison, an Dr M. Anglim |
| 06 Lúnasa | Ordú Éigeandála | S. O'Brien, P. Harrison, an Breitheamh P. McMahon |
| 03 Meán Fómhair | Iomlán | O. Traynor, S. O'Brien, an Dr H. Buckley, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 24 Meán Fómhair | Orduithe | O. Traynor, S. O'Brien, an Dr M. Anglim, an tOll. S. Greene, P. Harrison, an Breitheamh P. McMahon |
| 08 Deireadh Fómhair | Iomlán | O. Traynor, S. O'Brien, an Dr M. Anglim, an tOll. S. Greene, P. Harrison, an Breitheamh P. McMahon |
| 09 Deireadh Fómhair | Ordú Éigeandála | S. O'Brien, P. Harrison, an Breitheamh P. McMahon |
| 21 & 22 Deireadh Fómhair | Ciorcad | O. Traynor, P. Harrison, an Dr H. Buckley |
| 05 Samhain | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 26 Samhain | Orduithe | O. Traynor, S. O'Brien, an Dr M. Anglim, an tOll. S. Greene, P. Harrison, an Dr H. Buckley |
| 03 Nollaig | Iomlán | O. Traynor, an Dr M. Anglim, an tOll. S. Greene, P. Harrison, an Dr H. Buckley |
| 17 Nollaig | Orduithe | Na comhaltaí uile |

## Aguisín B

Líon na bpost ceadaithe de réir aonaid/foirne agus gráid amhail ar an 31 Nollaig 2024.

| Aonad ÚUÉ | Foireann | Gráid | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Stiúrthóir | Príomhoifigeach | Príomhoifigeach Cúnta | Príomhoibrí Sóisialta | Ceann na Foirne Oibre Sóisialta | Oibrí Sóisialta Sinsearach | Oibrí Sóisialta Cáilithe Gairmiúil | Innealtóir Grád II | Innealtóir Grád III | Oifigeach Riaracháin | Ardoifigeach Feidhmiúcháin | Oifigeach Feidhmiúcháin | Oifigigh Chléireachais | Iomlán |
| **Oifig an POF** | | 1 | | | | | | | | | | | 1 | | 2 |
| **Oibríochtaí Uchtála** | | | 1 | | | | | | | | | | | | 1 |
| | Intíre | | | | | | | | | | 1 | | 2 | 1 | 4 |
| | Idir Tíortha | | | | | | | | | | | 1 | 1 | 2 | 4 |
| **Obair Shóisialta** | | | | | 1 | 1 | 4 | 6 | | | | | | | 12 |
| **Seirbhísí Faisnéise agus Taifid** | | | 1 | | | | | | | | | | | | 1 |
| | Réitigh Dhigiteacha | | | 1 | | | | | | | | | 2 | 1 | 4 |
| | An Chartlann | | | | | | | | 1 | 1 | | 1 | 1 | | 4 |
| | Taifid | | | 1 | | | | | | | | 1 | 5 | 4 | 11 |
| | Cosaint Sonraí | | | | | | | | | | | 1 | | 1 | 2 |
| **Bunúsach** | | | | 1 | | | | | | | 1 | | | | 2 |
| **Acmhainní Daonna agus Forbairt Foirne** | | | | 1 | | | | | | | | 1 | 1 | 1 | 4 |
| **Comhlíontacht, Seirbhísí Corparáideacha agus Creidiúnú** | | | | 1 | | | | | | | | 1 | 3 | 1 | 6 |
| **Iomlán** | | **1** | **2** | **5** | **1** | **1** | **4** | **6** | **1** | **1** | **2** | **6** | **16** | **11** | **57** |

## Nótaí

## Nótaí

## Nótaí

ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

**Údarás Uchtála na hÉireann**
**Shelbourne House, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4**
**DO4 H6F6**

**+ 353 1 2309 300 | aai.gov.ie**